TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
DE LA TOUR
arna tabhairt an 14 Iúil 2022[1]

**Cás C-158/21**

**Ministerio Fiscal,**
**Abogacía del Estado,**
**Partido político VOX**
**v**
**Lluís Puig Gordi,**
**Carles Puigdemont Casamajó,**
**Antoni Comín Oliveres,**
**Clara Ponsatí Obiols,**
**Meritxell Serret Aleu,**
**Márta Rovira Vergés,**
**Anna Gabriel Sabaté**

(Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach, an Spáinn))

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Barántas gabhála Eorpach – Cinneadh Réime 2002/584/CGB – Airteagal 1(3) – Airteagal 6(1) – Nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit – Coinníollacha maidir le forghníomhú – Inniúlacht an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna barántas gabhála Eorpach a eisiúint – An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An dara mír d'Airteagal 47 – Ceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú roimhe sin le dlí – Measúnú dhá chéim – Oibleagáid ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach a fhíorú, ag an gcéad chéim, an bhfuil fíorbhaol ann go sárófar an ceart bunúsach sin mar gheall ar easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna – An fhéidearthacht barántas gabhála Eorpach nua a eisiúint i gcoinne an duine chéanna agus a fhorghníomhú sa Bhallstát céanna)

[1] Bunteanga: an Fhraincis.

## I. Réamhrá

1. Baineann an iarraidh ar réamhrialú seo leis an léirmhíniú ar roinnt forálacha de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit,[2] arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009.[3]

2. Cuireann an chúirt a rinne an tarchur sraith ceisteanna faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais lena n-iarrtar, go bunúsach, a chinneadh an bhféadfaidh údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú mar gheall ar easpa inniúlachta líomhnaithe an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna chun an barántas sin a eisiúint agus easpa dlínse na cúirte a n-iarrtar uirthi an duine atá cúisithe a thriail, agus an gcuirtear cosc le Cinneadh Réime 2002/584 ar bharántas gabhála Eorpach nua a eisiúint tar éis forghníomhú an chéad bharántais gabhála Eorpaigh a bheith diúltaithe.

3. Ardaítear na ceisteanna sin in imeachtaí a tionscnaíodh i gcoinne iarcheannairí na Catalóine tar éis reifreann ar fhéinchinntiúchán ag Comhphobal Uathrialach na Catalóine (an Spáinn) a reáchtáil an 1 Deireadh Fómhair 2017. Bhí roinnt de na cosantóirí, a d'fhág an Spáinn ó dheireadh na bliana 2017, faoi réir barántas gabhála Eorpaigh. Eascraíonn easpa forghníomhaithe na mbarántas as toghadh cuid de na cosantóirí sin chun Parlaimint na hEorpa agus as conspóidí a bheith ann maidir leis na himeachtaí coiriúla atá i gceist araon. Baineann na conspóidí sin, maidir leis an gcás atá á mheas, leis na rialacha lena gcinntear dlínse an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach, an Spáinn) chun na cosantóirí a thriail, atá bunaithe, go háirithe, ar an áit ina ndearnadh na sáruithe agus ar an nasc idir na sáruithe lena cúisíodh na cosantóirí.

4. Go sonrach, d'eascair an iarraidh ar réamhrialú seo as diúltú chúirteanna na Beilge éifeacht a thabhairt don bharántas gabhála Eorpach a eisíodh i gcoinne Lluís Puig Gordi. Bhunaigh an chúirt achomhairc a thug rialú críochnaitheach an diúltú ar an mbaol a bheith ann go sárófar an ceart chun triail chóir a fháil ó bhinse arna bhunú le dlí, a bhaineann leis an gcinneadh nach raibh dlínse an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) chun Puig Gordi a thriail bunaithe ar bhunús dlí sainráite. Thairis sin, shonraigh an chúirt nach mór glacadh go han-dáiríre leis an mbaol go sárófar toimhde na neamhchiontachta. Cé nach mbaineann an diúltú sin ach le Puig Gordi amháin, déantar iarraidh na cúirte a rinne an tarchur a thíolacadh mar iarraidh a bhfuil sé d'aidhm aici na cinntí atá le déanamh i leith na gcosantóirí go léir a chinneadh.

5. Iarrtar ar an gCúirt Bhreithiúnais, leis an tsaincheist atá os a comhair, mar a tharlaíonn go minic, an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir éifeachtacht an chórais um thabhairt suas idir na Ballstáit a bunaíodh le Cinneadh Réime 2002/584 agus urraim do chearta bunúsacha daoine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach.

6. Ina breithiúnas an 5 Aibreán 2016, *Aranyosi agus Căldăraru*,[4] shainigh an Chúirt an modh a bheidh le leanúint ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach ar os a chomhair a maíonn an duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach gurb ann don bhaol íde atá mídhaonna nó táireach, a thoirmisctear le hAirteagal 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,[5] mar gheall ar choinníollacha coinneála sa Bhallstát eisiúna. Is éard atá sa mhodh sin, go bunúsach, i gcomhlíonadh an údaráis sin de dhá chéim ina athbhreithniú, eadhon, sa chéad chéim, an

[2] IO 2002 L 190, lch. 1.

[3] IO 2009 L 81, lch. 24, "Cinneadh Réime 2002/584".

[4] C-404/15 agus C-659/15 PPU, "breithiúnas *Aranyosi agus Căldăraru*", EU:C:2016:198.

[5] "An Chairt".

cinneadh go bhfuil fíorbhaol ann go sárófar an ceart bunúsach atá i gceist mar gheall ar easnaimh shistéamacha nó ghinearálta, nó a bhfuil tionchar acu ar ghrúpaí áirithe daoine nó d'ionaid choinneála áirithe, sa Bhallstát eisiúna agus, sa dara céim, cinneadh go bhfuil baol sonrach agus aonair ann go sárófar an ceart sin don duine lena mbaineann.

7. Ina breithiúnas an 25 Iúil 2018, *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach),*[6] leathnaigh an Chúirt Bhreithiúnais an modh sin chun measúnú dhá chéim a dhéanamh go dtí an cás go bhfuil baol ann go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt. Dhaingnigh an Chúirt Bhreithiúnais an cásdlí sin ina breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna),*[7] agus ina breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna).*[8]

8. Sna cásanna as ar eascair na breithiúnais sin, líomhnaíodh sa chéad chéim gurb ann d'easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe maidir le neamhspleáchas bhreithiúnacht an Bhallstáit eisiúna.

9. Is í an phríomhcheist sa chás seo cinneadh a dhéanamh, ós rud é nach maítear easnaimh den sórt sin lena ndéantar difear d'fheidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna, féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach, mar sin féin, diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar an mbonn go bhfuil baol ann go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú roimhe sin le dlí, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, sa Bhallstát sin.

10. Mar sin, maidir leis an gceart bunúsach sin, an céimeanna carnacha iad an dá chéim den athbhreithniú nach mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach a dhéanamh? I bhfocail eile, más rud é nach féidir a mheas leis an gcéad chéim gurb ann d'easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe lena ndéantar difear d'fheidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna, an bhfuil an t-údarás sin údaraithe diúltú don bharántas gabhála Eorpach atá i gceist a fhorghníomhú?

11. Meabhraíonn an Chúirt Bhreithiúnais go rialta go ndéantar prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, de réir aithris 6 de Chinneadh Réime 2002/584, atá mar "bhunchloch" an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, a léiriú in Airteagal 1(2) den Chinneadh Réime sin, lena gcumhdaítear an riail go gceanglaítear ar na Ballstáit aon bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn an phrionsabail sin agus i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Réime sin.[9]

12. I mo thuairim, tá sé tábhachtach a áirithiú, trí ghlacadh ró-leathan le heisceachtaí ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh ar bhonn na gceart bunúsach a urramú, nach scoiltfidh an "bhunchloch", atá mar bhonn don chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus nach dtosóidh an foirgneamh a tógadh go foighneach ag croitheadh, nó nach dtitfidh sé, mar gheall ar easpa boinn daingne.

13. Ba cheart aire a thabhairt freisin gan baint amach chuspóir Chinneadh Réime 2002/584 agus don mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit atá mar bhuntaca leis an sásra bharántas gabhála Eorpaí arna bhunú leis an gCinneadh Réime sin a chur i mbaol.

6 C-216/18 PPU, "breithiúnas *Minister for Justice and Equality (Easnaimh sa chóras breithiúnach)*", EU:C:2018:586.

7 C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, "breithiúnas *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)*", EU:C:2020:1033.

8 C-562/21 PPU agus C-563/21 PPU, "breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)*", EU:C:2022:100.

9 Féach, go háirithe, breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 43 agus an cásdlí a luaitear).

14. Sin é an fáth a mholfaidh mé nach mór don Chúirt Bhreithiúnais leanúint de bheith ag dearbhú nach mór diúltú tabhairt suas a bhfuil bonn cirt leis mar gheall ar an líomhain maidir le baol go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú roimhe sin le dlí, a ráthaítear leis an dara mír d’Airteagal 47 den Chairt, don duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a bheith fíor-eisceachtúil. In éagmais cruthúnas go bhfuil easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe ann i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna, ní féidir bonn cirt a thabhairt don údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn an líomhain amháin go bhfuil baol aonair ann go sárófaí an ceart bunúsach sin.

## II. Fíorais na díospóide sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú

15. Tar éis ghlacadh na ndlíthe maidir le neamhspleáchas Chomhphobal Uathrialach na Catalóine (an Spáinn) agus reifreann chun na críche sin, tionscnaíodh imeachtaí coiriúla os comhair an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) i gcoinne roinnt daoine a cúisíodh go ndearna siad, go háirithe, sáruithe ceannairce agus míleithreasú cistí poiblí.

16. Is léir ón iarraidh ar réamhrialú gur eisigh an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach), faoin nós imeachta sin, an 14 Deireadh Fómhair 2019, barántas gabhála Eorpach i gcoinne Carles Puigdemont Casamajó agus, an 4 Samhain 2019, barántais ghabhála Eorpacha i gcoinne Antoni Comín Oliveres, Puig Gordi agus Clara Ponsatí Obiols. Cé gur gabhadh Ponsatí Obiols sa Ríocht Aontaithe, gabhadh an triúr cosantóirí eile sa Bheilg agus tionscnaíodh nósanna imeachta a bhaineann le forghníomhú na mbarántas gabhála Eorpach sin sa Bhallstát sin dá réir sin. Níor thoiligh aon duine de na daoine iarrtha lena thabhairt suas.

17. Mar thoradh ar a dtoghadh mar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa, cuireadh na nósanna imeachta a bhaineann le Puigdemont Casamajó agus Coimín Oliveres sa Bheilg ar fionraí, mar gheall ar an díolúine pharlaiminteach atá acu mar Fheisirí.[10] Mar sin féin, chuaigh an nós imeachta maidir le forghníomhú barántais gabhála Eorpaigh a eisíodh i gcoinne Puig Gordi ar aghaidh. Dá bhrí sin, is é an nós imeachta sin atá i gcroílár an cháis seo.

18. Le hOrdú an 7 Lúnasa 2020, dhiúltaigh an 27ú Dlísheomra Coiriúil de Chúirt Chéadchéime Ollainnise na Bruiséile (an Bheilg)[11] an barántas gabhála Eorpach a eisíodh i gcoinne Puig Gordi a fhorghníomhú.

19. Míníonn an chúirt a rinne an tarchur gur mheas an Chúirt Chéadchéime gur chuir Cinneadh Réime 2002/584 ar a cumas measúnú a dhéanamh ar inniúlacht an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna barántas gabhála Eorpach a eisiúint. Maidir leis sin, bhí sí ag brath, go háirithe, ar chásdlí na Cúirte

10 Féach, chuige sin, Ordú Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 24 Bealtaine 2022, *Puigdemont i Casamajó agus Páirtithe Eile v an Pharlaimint* (C-629/21 P(R), EU:C:2022:413), lenar cinneadh, ar thaobh amháin, Ordú Leas-Uachtarán Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 30 Iúil 2021, *Puigdemont i Casamajó agus Páirtithe Eile v an Pharlaimint* (T-272/21 R, neamhfhoilsithe, EU:T:2021:497) a chur ar neamhní agus, ar an taobh eile, forghníomhú na gCinntí P9_TA(2021)0059, P9_TA(2021)0060 agus P9_TA(2021)0061 ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 2021 maidir le hiarrataí díolúine Carles Puigdemont i Casamajó, Antoni Comín i Oliveres agus Clara Ponsatí i Obiols a tharscaoileadh.

11 “An Chúirt Chéadchéime”.

Breithiúnais maidir le hoifig an ionchúisitheora phoiblí i roinnt Ballstát a aicmiú mar "údarás breithiúnach",[12] ar aithrisí 8 agus 12 de Chinneadh Réime 2002/584, agus ar chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine ("ECtHR").[13]

20. Rinne an Chúirt Chéadchéime an dlínse sin a fhíorú go héifeachtach agus chinn sí nach raibh dlínse ag an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) chun na himeachtaí i gcoinne Puig Gordi a éisteacht agus, dá bhrí sin, an barántas gabhála Eorpach a eisiúint ina choinne. Bunaítear an measúnú sin ar thuairimí na Meithle um Choinneáil Threallach de chuid Chomhairle um Chearta an Duine de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe,[14] maidir le daoine a bhfuil baint acu leis na gníomhartha céanna, agus ar chásdlí ECtHR[15] agus ar fhorálacha eile de dhlí na Spáinne agus na Beilge.

21. Diúltaíodh don achomharc a rinne Oifig Ionchúisitheora Phoiblí na Beilge le breithiúnas de dhlísheomra díotála an Cour d'appel de Bruxelles (Cúirt Achomhairc na Bruiséile, an Bheilg) an 7 Eanáir 2021,[16] inar deimhníodh, dá bhrí sin, an t-ordú atá faoi achomharc agus an diúltú an barántas gabhála Eorpach a eisíodh i gcoinne Puig Gordi. a fhorghníomhú. Agus í ag teacht ar an gconclúid nár cosúil go bhfuil inniúlacht an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna bunaithe ar fhoráil dhlíthiúil shainráite, thagair an Chúirt Achomharc do thuarascáil ón Meitheal um Choinneáil Threallach an 27 Bealtaine 2019 maidir le cásdlí ECtHR agus ar dhoiciméad ina mínítear dlínse an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach), arna soláthar ag an gCúirt Uachtarach an 11 Márta 2021.

22. Sa chomhthéacs sin, deir an chúirt a rinne an tarchur nach mór di rialú a thabhairt maidir le barántais ghabhála Eorpacha atá ann cheana a choinneáil nó a tharraingt siar agus ar an gceist maidir le barántais gabhála Eorpacha nua a eisiúint a d'fhéadfadh a bheith ann i gcoinne na gcomhchosantóirí uile sa chás seo nó i gcoinne cuid acu.

23. Go sonrach, maidir le Puig Gordi, deir an chúirt sin go gcuirfidh an tarchur chun réamhrialú seo ar a cumas chun measúnú a dhéanamh an féidir an iarraidh ar thabhairt suas a dhéanamh arís, trí bharántas gabhála Eorpach nua a eisiúint, i gcás inarb iomchuí, ina choinne, cé gur dhiúltaigh údarás breithiúnach an Bhallstáit fhorghníomhaithe chéanna an duine sin a thabhairt suas ar bhonn na bhforas a d'fhéadfadh a bheith contrártha do Chinneadh Réime 2002/584.

24. Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur faoi chumhacht an údaráis bhreithiúnaigh atá freagrach as barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú, ar thaobh amháin, measúnú a dhéanamh ar inniúlacht an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna, faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit eisiúna, na cosantóirí a thriail agus, ar an taobh eile, diúltú an barántas sin a fhorghníomhú le haghaidh sárú líomhnaithe ar chearta bunúsacha an chosantóra mar thoradh ar shárú ar an inniúlacht sin. Leagann an chúirt sin, i ndáil leis sin, roinnt argóintí amach.

[12] Luaitear, chuige sin, breithiúnais an 12 Nollaig 2019, *Parquet général du Grand-Duché de Luxembourg agus Openbaar Ministerie (Ionchúisitheoirí do Lyon agus Tours)* (C-566/19 PPU agus C-626/19 PPU, EU:C:2019:1077); an 12 Nollaig 2019, *Openbaar Ministerie (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Sualainnise)* (C-625/19 PPU, EU:C:2019:1078), agus an 12 Nollaig 2019, *Openbaar Ministerie (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí de Ríocht na Bruiséile)* (C-627/19 PPU, EU:C:2019:1079).

[13] Maidir leis sin, luaigh an Chúirt Chéadchéime breithiúnas ECtHR an 2 Meitheamh 2005, *Claes agus Páirtithe Eile* v. *an Bheilg* (CE:ECHR:2005:0602JUD004682599).

[14] "An Mheitheal um Choinneáil Threallach".

[15] Mar sin, bhí an Chúirt Chéadchéime ag brath ar bhreithiúnais ECtHR an 22 Meitheamh 2000, *Coëme agus Páirtithe Eile* v. *an Bheilg* (CE:ECHR:2000:0622JUD003249296), agus an 2 Meitheamh 2005, *Claes agus Páirtithe Eile* v. *an Bheilg* (CE:ECHR:2005:0602JUD004682599).

[16] "An Chúirt Achomhairc".

25. Ar an gcéad dul síos, maidir leis an gceist an féidir leis an údarás breithiúnach forghníomhaitheach a fhíorú an raibh an dlínse is gá ag an údarás breithiúnach eisiúna chun substaint an cháis a éisteacht, mar choinníoll riachtanach do dhlínse barántas gabhála Eorpach a eisiúint, measann an chúirt a rinne an tarchur gur cheart cumhacht den sórt sin a bheith mar thoradh ar riail fhoirmiúil dhlí an Aontais nó ar léirmhíniú an dlí sin.

26. Tugann an chúirt sin dá haire, go háirithe, nach féidir féidearthacht den sórt sin a bhunú ar fhoclaíocht Airteagal 3, Airteagal 4 agus Airteagal 4a de Chinneadh Réime 2002/584, a bhaineann le forais éigeantacha nó roghnacha chun forghníomhú a dhiúltú, ná nach féidir í a thuiscint ó léirmhíniú leathan ar an gCinneadh Réime sin nó ar Airteagal 6(1) de, agus é á chur san áireamh gurb é an prionsabal a leagtar síos in Airteagal 1(2) forghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh, cé gurb ionann diúltú a d'fhéadfadh a bheith ann agus an eisceacht, nach mór, dá bhrí sin, é a léirmhíniú go docht.

27. Ar an dara dul síos, i gcás ina dtugann an Chúirt Bhreithiúnais cumhacht don údarás breithiúnach forghníomhaitheach athbhreithniú a dhéanamh ar inniúlacht an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna, tá an chúirt a rinne an tarchur in amhras faoi na tosca ba cheart di a chur san áireamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe sin.

28. I ndáil leis sin, measann an chúirt sin nár cheart inniúlacht an údaráis bhreithiúnaigh a eisíonn barántas gabhála Eorpach a chinneadh ach amháin faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit eisiúna. Glacadh leis go bhféadfadh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach dlí náisiúnta an Stáit sin a léirmhíniú ina chúis le staid neamhréireach agus dhofheicthe ós rud é go bhfuil sé de cheangal ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach dlí atá eachtrach dó agus nach bhfuil sé ceaptha go mbeadh aon eolas aige ina leith a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm.

29. Sa chás seo, measann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil léirmhíniú mícheart déanta ag an dá chúirt sa Bheilg ar dhlí na Spáinne. Tá neamhaird déanta ag na cúirteanna sin freisin ar líon mór chinntí na cúirte a rinne an tarchur lenar réitíodh an tsaincheist a bhaineann lena dlínse chomh maith leis an imthosca inar tugadh an díospóireacht os comhair an Tribunal Constitucional (an Chúirt Bhunreachtúil, an Spáinn), a dheimhnigh dlínse na cúirte a rinne an tarchur go háirithe i mbreithiúnas an 17 Feabhra 2021.[17] Níor chuir cúirteanna na Beilge san áireamh léirmhíniú chúirteanna na Spáinne ná an imthosca go raibh buntáiste á bhaint ag na páirtithe as leigheas breithiúnach den chéad agus den dara céim i gcoinne na mbarántas gabhála Eorpach a eisíodh.

30. Ar an tríú dul síos, maidir leis an raon feidhme ar cheart a thabhairt don sásra chun faisnéis bhreise a iarraidh dá bhforáiltear in Airteagal 15(2) de Chinneadh Réime 2002/584, measann an chúirt a rinne an tarchur nár bhain an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach úsáid leordhóthanach as. Ba cheart go mbeadh faisnéis bhreise iarrtha ag an údarás sin ar an údarás breithiúnach eisiúna ionas go mbeidh sé in ann fianaise a chur ar fáil a thagann as a dhlí náisiúnta, go háirithe an líon mór cinntí lena rialaítear an cheist maidir le hinniúlacht an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna substaint an cháis a éisteacht.

[17] Féach breithiúnas an Tribunal Constitutional (an Chúirt Bhunreachtúil) an 17 Feabhra 2021 (Uimh. 34/2021, BOE Uimh. 69 an 22 Márta 2021, lch. 32889). Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur gur tugadh an breithiúnas ar achomharc a thaisc duine de na daoine ciontaithe, a dúirt go raibh siad sa chás céanna le Puig Gordi.

31. Ar an gceathrú dul síos, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, d'fhonn an barántas gabhála Eorpach atá i gceist a dhiúltú, gur bhraith an Chúirt Achomhairc ar Airteagal 4(5)(5) den Dlí maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach an 19 Nollaig 2003,[18] lena bhforáiltear nach mór forghníomhú barántais gabhála Eorpaigh a dhiúltú má tá forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeadh sé d'éifeacht aige an bonn a bhaint de chearta bunúsacha an duine lena mbaineann. Ní ceann de na forais sin a luaitear go sainráite i gCinneadh Réime 2002/584 é an foras sin le haghaidh neamhfhorghníomhú.

32. Ina theannta sin, measann an chúirt sin nár cheart diúltú d'fhorghníomhú bunaithe ar Airteagal 1(3) den Chinneadh Réime sin, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, gníomhú ach amháin in imthosca eisceachtúla, a bhfuil saintréithe acu go dtí seo, a mhéid a bhaineann leis an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, trí easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe a bheith ann maidir le neamhspleáchas bhreithiúnacht an Bhallstáit eisiúna.

33. Thairis sin, trí thuarascáil na Meithle um Choinneáil Threallach an 27 Bealtaine 2019 a úsáid mar fhianaise chun tacú lena measúnú, níor chomhlíon an Chúirt Achomhairc an ceanglas nach mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach faisnéis oibiachtúil, iontaofa, bheacht agus nuashonraithe go cuí a bheith aige chun a fháil amach go bhfuil baol tromchúiseach, réadach, sonrach agus aonair ann maidir le cearta bunúsacha an duine iarrtha a shárú.

34. Sna himthosca sin, chinn an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

"1) An údaraítear le [Cinneadh Réime 2002/584] don údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú an duine iarrtha a thabhairt suas trí bharántas gabhála Eorpach ar bhonn na bhforas le diúltú dá bhforáiltear ina dhlí náisiúnta ach nach bhfuil leagtha amach amhlaidh, sa Chinneadh Réime sin?

2) Má tá an freagra dearfach ar an gceist roimhe seo, chun inmharthanacht barántais gabhála Eorpaigh a áirithiú agus chun úsáid iomchuí a bhaint as an sásra dá bhforáiltear in Airteagal 15(3) de [Chinneadh Réime 2002/584]:

Ar cheart don údarás breithiúnach eisiúna dlíthe na Stát éagsúil a fhíorú agus anailís a dhéanamh orthu d'fhonn na forais le diúltú a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le barántas gabhála Eorpach, ar forais le diúltú iad nach bhforáiltear i [gCinneadh Réime 2002/584], a chur san áireamh?

3) I bhfianaise na bhfreagraí ar na ceisteanna roimhe seo, agus ós rud é go bhforáiltear le hAirteagal 6(1) de [Chinneadh Réime 2002/584] go bhfuil inniúlacht an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna chun barántas gabhála Eorpach a eisiúint bunaithe faoi dhlí an Stáit eisiúna:

An bhfuil Airteagal 6(1) de [Chinneadh Réime 2002/584] le léirmhíniú ar chaoi a gciallaíonn go bhféadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach inniúlacht an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna maidir le gníomhú sa chás coiriúil lena mbaineann a chur in amhras agus tabhairt suas a dhiúltiú ar an bhforas nach bhfuil inniúlacht ag an údarás breithiúnach eisiúna, ina thuairim, an barántas gabhála Eorpach a eisiúint?

[18] *Moniteur Belge* an 19 Nollaig 2003, lch. 60075.

4) Maidir le cearta bunúsacha an duine iarrtha agus an t-athbhreithniú a d'fhéadfadh a bheith ann ar na cearta sin sa Stát eisiúna ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach:

   a) An údaraítear le [Cinneadh Réime 2002/584] don údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú don duine iarrtha a thabhairt suas ar an bhforas go measann sé, ar bhonn na tuarascála ó mheitheal a cuireadh faoina bráid, go bhfuil baol ann go sárófar cearta bunúsacha an duine sin sa Bhallstát eisiúna?

   b) Chun críoch na ceiste roimhe seo, an éard atá i dtuarascáil den sórt sin faisnéis atá oibiachtúil, iontaofa, beacht agus nuashonraithe go cuí chun bonn cirt a thabhairt, i bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais, le diúltú an duine iarrtha a thabhairt suas mar gheall ar bhaol tromchúiseach go mbainfidh an bonn dá chearta bunúsacha?

   c) Má tá an freagra dearfach ar an gceist roimhe seo, cén fhianaise a cheanglaítear le dlí an Aontais Eorpaigh chun go mbeidh Ballstát in ann a chinneadh gurb ann don bhaol go sárófar cearta bunúsacha sa Bhallstát eisiúna a líomhain an duine iarrtha agus go dtugtar bonn cirt leis forghníomhú barántais gabhála Eorpaigh a dhiúltú?

5) An bhfuil tionchar ar fhreagraí na gceisteanna roimhe seo más rud é go raibh an duine iarrtha in ann cosaint a chearta bunúsacha a agairt os comhair chúirteanna an Bhallstáit eisiúna agus agóid a dhéanamh, os comhair na cúirteanna céanna, i gcoinne inniúlacht an údaráis bhreithiúnaigh agus an barántas gabhála Eorpach a eisíodh ina choinne agus é ag baint tairbhe freisin as dhá chéim bhreithiúnach?

6) An bhfuil tionchar ar fhreagraí na gceisteanna roimhe seo más rud é go ndiúltaíonn an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar fhorais nach bhforáiltear go sainráite dó i [gCinneadh Réime 2002/584], agus é ag brath, go háirithe, ar easpa inniúlachta an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna agus ar bhaol tromchúiseach a bheith ann go sárófar cearta bunúsacha sa Stát eisiúna, gan aon fhaisnéis bhreise shonrach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don Chinneadh sin a iarraidh ar an údarás breithiúnach eisiúna?

7) Más léir ó na freagraí ar na ceisteanna roimhe seo, sna himthosca sa chás seo, go gcuirtear cosc le [Cinneadh Réime 2002/584] ar dhiúltú duine a thabhairt suas ar bhonn na bhforas le diúltú thuasluaite:

   An gcuirtear cosc le [Cinneadh Réime 2002/584] ar an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) barántas gabhála Eorpach nua a eisiúint i gcoinne an duine chéanna agus os comhair an Bhallstáit chéanna?"

35. Chuir Puig Gordi, Puigdemont Casamajó, Comín Oliveres, Ponsatí Obiols, Márta Rovira Vergés, Anna Gabriel Sabaté, an Ministerio Fiscal, Rialtas na Spáinne, na Beilge, na Polainne agus na Rómáine agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach. Tionóladh éisteacht an 5 Aibreán 2022.

## III. Anailís

36. Go ginearálta, is é is aidhm do na ceisteanna a tharchuir an chúirt a rinne an tarchur ná go sonródh an Chúirt Bhreithiúnais na coinníollacha lena gcuirtear ar chumas an údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaithigh diúltú d'éifeacht a thabhairt do bharántas gabhála Eorpach

mar gheall ar an mbaol go sárófar, i gcás ina ndéantar an duine iarrtha a thabhairt suas don údarás breithiúnach eisiúna, ceart bunúsach an duine sin chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú le dlí, mar a chumhdaítear in Airteagal 6(1) den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint,[19] a chomhfhreagraíonn don dara mír d'Airteagal 47 den Chairt.

37. Tá an bunús atá leis na ceisteanna sin, den chuid is mó, sa réasúnaíocht a ghlac an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach as forghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh arna eisiúint i gcoinne Puig Gordi a dhiúltú.

## *A. Inghlacthacht na gceisteanna a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú*

38. Glacfaidh mé seasamh go tapa maidir le hinghlacthacht na gceisteanna a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú, ag meabhrú, de réir cásdlí socraithe, go bhfuil toimhde ábharthachta ag na ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais diúltú do rialú a dhéanamh ar cheist a tharchuir cúirt náisiúnta i gcomhair réamhrialú ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léirmhíniú ná ag an measúnú bailíochta arna n-iarraidh ar dhlí an Aontais Eorpaigh le fíricí iarbhír nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, más fadhb de chineál hipitéiseach í nó mura bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi.[20]

39. Ina breithiúnas an 25 Iúil 2018, *AY (Barántas gabhála — Finné)*,[21] chinn an Chúirt Bhreithiúnais go raibh ceisteanna a tharchuir údarás breithiúnach eisiúna d'fhonn raon inniúlachta an údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaithigh a chinneadh tar éis eisiúint barántas gabhála Eorpaigh nár éirigh leis inghlactha.[22]

40. Agus í ag teacht ar an gconclúid sin, chuir an Chúirt Bhreithiúnais san áireamh, ar an gcéad dul síos, gur chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl go raibh an t-ábhar á tharchur aici chun cinneadh a ghlacadh, ar bhonn na bhfreagraí a tugadh ar na ceisteanna a tarchuireadh, chun barántas gabhála Eorpach a tharraingt siar. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí a éileamh nach raibh aon bhaint ag na ceisteanna a tarchuireadh leis na fíorais iarbhír ná le hábhar na n-imeachtaí atá ar feitheamh os comhair na cúirte a rinne an tarchur ná más fadhb de chineál hipitéiseach í.[23]

41. Ar an taobh eile, chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach gcaitear amhras ar inghlacthacht iarrata ar réamhrialú toisc go mbaineann na ceisteanna a tarchuireadh le hoibleagáidí an údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaithigh, ach gurb í an chúirt a rinne an tarchur an t-údarás breithiúnach lena n-eisítear an barántas gabhála Eorpach. Mar thoradh ar bharántas gabhála Eorpach a eisiúint, d'fhéadfaí an duine iarrtha a ghabháil agus, dá bhrí sin, an bonn a bhaint do shaoirse aonair an duine sin. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais, maidir le himeachtaí a bhaineann le barántas gabhála Eorpach, go dtagann cosaint na gceart bunúsach, go príomha, faoi fhreagracht an Bhallstáit eisiúna.[24]

19 Arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950, "ECHR".

20 Féach, go háirithe, breithiúnas an 28 Eanáir 2021, *Spetsializirana prokuratura (Litir na gceart)* (C-649/19, "breithiúnas *Spetsializirana prokuratura (Litir na gceart)*", EU:C:2021:75, mír 36 agus an cásdlí a luaitear).

21 C-268/17, "breithiúnas *AY (Barántas gabhála — Finné)*", EU:C:2018:602.

22 Féach breithiúnas *AY (Barántas gabhála — Finné)* (mír 31).

23 Féach breithiúnas *AY (Barántas gabhála — Finné)* (mír 27).

24 Féach, go háirithe, breithiúnas *AY (Barántas gabhála — Finné)* (mír 28 agus an cásdlí a luaitear).

42. Ar bhonn na hargóinte sin, luaigh an Chúirt Bhreithiúnais freisin ina breithiúnas *Spetsializirana prokuratura (Litir na gceart)* d'fhonn a áirithiú go gcosnófar na cearta sin, a d'fhéadfadh údarás breithiúnach cinneadh a dhéanamh barántas gabhála Eorpach a eisiúint, go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh sé de chumhacht ag údarás den sórt sin ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhair réamhrialú.[25]

43. I mo thuairim, níl aon amhras ann faoi chur i bhfeidhm an chásdlí sin ar an gcás reatha. A mhéid a bhíonn caidreamh idir dhá údarás bhreithiúnacha mar thoradh iarbhír ar an sásra barántas gabhála Eorpach, ní mór glacadh leis go bhféadfaidh ceachtar de na húdaráis sin cás a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais d'fhonn soiléiriú a fháil chun aon mhífheidhmiú a d'fhéadfadh a bheith ann sa sásra sin a chosc nó a réiteach. Mar atá curtha in iúl go ceart ag an gCoimisiún ina chuid barúlacha, ba cheart neamhshiméadracht a sheachaint san fhéidearthacht go ndéanfadh cúirteanna an Bhallstáit eisiúna nó an Bhallstáit forghníomhaithigh tarchur chun réamhrialú chuig an gCúirt Bhreithiúnais. Níl an fhadhb hipitéiseach má tá gá lena réiteach chun a chumasú d'údarás breithiúnach eisiúna cinneadh a dhéanamh barántas gabhála Eorpach a tharraingt siar nó a eisiúint i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh.[26] Ina theannta sin, ní éilítear le cur i bhfeidhm an chásdlí sin, i mo thuairim, go mbeadh na ceisteanna arna dtarchur ag an gcúirt a rinne an tarchur i gcomhthráth go hiomlán leis na forais inar chinn an Chúirt Achomhairc diúltú an barántas gabhála Eorpach atá i gceist a fhorghníomhú.

44. Maidir leis an tsubstaint, scrúdóidh mé na ceisteanna a tharchuir an chúirt a rinne an tarchur i dtrí chéim sna haighneachtaí seo a leanas.

45. Ar an gcéad dul síos, tabharfaidh mé aghaidh ar an gcéad cheist a tharchuirtear, rud a fhágfaidh go soiléireoidh mé an bhféadfaidh Ballstát, agus i gcás inarb iomchuí, faoi cén coinníollacha, foráil a dhéanamh d'fhoras le haghaidh neamhfhorghníomhú nach bhforáiltear dó go sainráite i gCinneadh Réime 2002/584.

46. Ar an dara dul síos, scrúdóidh mé le chéile an tríú go dtí an séú ceist a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú lena n-iarrtar, go bunúsach, soiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha faoina bhféadfaidh údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar an bhforas nach bhfuil inniúlacht ag an údarás breithiúnach eisiúna chun an barántas gabhála Eorpach sin a eisiúint agus an duine iarrtha a thriail.

47. Ar an tríú dul síos, freagróidh mé an seachtú ceist, arb é is aidhm di a fháil amach, tar éis diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú, an bhfuil údarás breithiúnach eisiúna teoranta ó thaobh a chumais barántas gabhála Eorpach a eisiúint.

### *B. Ar an gcéad cheist a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú*

48. Lena céad cheist a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Cinneadh Réime 2002/584 a léirmhíniú ar chaoi a gciallaíonn go n-údaraítear leis údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn forais le haghaidh neamhfhorghníomhú dá bhforáiltear lena dlí náisiúnta, ach nach bhfuil leagtha amach sa Chinneadh Réime sin.

25 Mír 39 den bhreithiúnas sin agus an cásdlí a luaitear.

26 Féach breithiúnas *Spetsializirana prokuratura (Litir na gceart)* (mír 38).

49. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin, sa réimse a rialaítear le Cinneadh Réime 2002/584, go bhfuil prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, mar is léir go háirithe ó aithris 6 de, mar "bhunchloch" an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, infheidhme in Airteagal 1(2) den Chinneadh Réime sin, ina leagtar síos an riail go bhfuil sé de cheangal ar na Ballstáit aon bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Réime sin. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha, i bprionsabal, diúltú do bharántas den sórt sin a fhorghníomhú ach amháin ar na forais, a liostaítear go hiomlán, maidir le neamhfhorghníomhú dá bhforáiltear le Cinneadh Réime 2002/584 agus nach féidir forghníomhú an bharántais gabhála a chur faoi réir ach ceann amháin de na coinníollacha dá bhforáiltear go cuimsitheach in Airteagal 5 den Chinneadh Réime sin. Dá réir sin, cé gurb ionann forghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh agus an prionsabal, tá diúltú d'fhorghníomhú ceaptha a bheith ina eisceacht nach mór a léirmhíniú go docht.[27]

50. Dá bhrí sin, leagtar amach go sainráite i gCinneadh Réime 2002/584 na forais le haghaidh neamhfhorghníomhú sainordaitheach (Airteagal 3) agus roghnach (Airteagail 4 agus 4a) den bharántas gabhála Eorpach, chomh maith leis na ráthaíochtaí atá le soláthar ag an mBallstát eisiúna i gcásanna aonair (Airteagal 5).[28]

51. Mar sin féin, chuir an Chúirt Bhreithiúnais síneadh leis na cásanna inar cheart forghníomhú barántais gabhála Eorpaigh a dhiúltú thar na forais le haghaidh neamhfhorghníomhú a luaitear go sainráite in Airteagail 3, 4 agus 4a den Chinneadh Réime sin.

52. Dá bhrí sin, ar an gcéad dul síos, chinn sí nach mór an forghníomhú a dhiúltú i gcás nach gcomhlíontar leis an mbarántas gabhála Eorpach na ceanglais rialtachta dá bhforáiltear in Airteagal 8(1) den Chinneadh Réime sin.[29] Chinn sí ina dhiaidh sin gur thug Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584 bonn cirt do nós imeachta forghníomhaithe a thabhairt chun críche chun sárú ar chearta bunúsacha a sheachaint, i gcásanna eisceachtúla áirithe.[30] Ar deireadh, chinn sí nach bhfuil feidhm ag prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh ach amháin maidir le barántais ghabhála Eorpacha de réir bhrí Airteagal 1(1) den Chinneadh Réime sin, lena dtugtar le tuiscint nár cheart barántais ghabhála Eorpacha nár eisíodh ag "údarás breithiúnach", de réir bhrí Airteagal 6(1) den Chinneadh Réime sin,[31] nó tar éis nós imeachta nár chomhlíon an ceanglas maidir le cosaint bhreithiúnach éifeachtach, a fhorghníomhú.[32]

53. Sna cásanna sin go léir a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le húdarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú, bhunaigh an Chúirt a réasúnú ar fhorálacha Chinneadh Réime 2002/584, i gcás inarb iomchuí, arna léamh i bhfianaise Airteagail 4 agus 47 den Chairt.

[27] Féach, go háirithe, breithiúnas *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)* (mír 41 agus an cásdlí a luaitear).

[28] Féach, go háirithe, breithiúnas *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)* (mír 42 agus an cásdlí a luaitear).

[29] Féach breithiúnas an 1 Meitheamh 2016, *Bob-Dogi* (C-241/15, EU:C:2016:385, míreanna 63 agus 64).

[30] Féach, go háirithe, breithiúnas *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)* (míreanna 44 agus 45 agus an cásdlí a luaitear).

[31] Féach, go háirithe, breithiúnas *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)* (mír 38 agus an cásdlí a luaitear).

[32] Féach, go háirithe, breithiúnais an 24 Samhain 2020, *Openbaar Ministerie (Brionnú doiciméad)* (C-510/19, EU:C:2020:953, mír 46 agus an cásdlí a luaitear), agus an 10 Márta 2021, *PI* (C-648/20 PPU, EU:C:2021:187, mír 38 agus an cásdlí a luaitear).

54. Ar an taobh eile, ní féidir glacadh le foras le haghaidh neamhfhorghníomhú dá bhforáiltear i ndlí náisiúnta Ballstáit nach bhfuil bunaithe ar fhoráil den Chinneadh Réime sin, arna léirmhíniú ag an gCúirt Bhreithiúnais.

55. Fágann sé sin nach mór, i mo thuairim, Cinneadh Réime 2002/584 a léirmhíniú ar chaoi a gciallaíonn go gcuirtear bac ar údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn forais le haghaidh neamhfhorghníomhú dá bhforáiltear ina dhlí náisiúnta, ach nach bhfuil leagtha amach sa Chinneadh Réime sin.

56. Mar sin féin, d'fhonn freagra iomlán a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur, feictear domsa gur gá a shoiléiriú, sa chás seo, go leanann an foras le haghaidh neamhfhorghníomhú atá i gcroílár na n-imeachtaí, agus arb é an foras ar bhraith cúirteanna na Beilge d'fhonn diúltú d'fhorghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh a eisíodh i gcoinne Puig Gordi, ó Airteagal 4(5)(5) den Dlí maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach, lena bhforáiltear go "ndiúltófar don bharántas gabhála Eorpach [...] má tá forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeadh sé d'éifeacht ag forghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh an bonn a bhaint de chearta bunúsacha an duine lena mbaineann, mar a chumhdaítear in Airteagal 6 [CAE]".

57. Níl foráil den sórt sin neamhchoitianta i ndlí náisiúnta na mBallstát [33] agus is léiriú í ar a thábhachtaí a leagann reachtas an Aontais ar shásra a cheapadh lena n-urramaítear cearta bunúsacha an duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach.

58. Ba mhaith liom a chur in iúl, i ndáil leis sin, go luaitear in Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584 "ní bheidh d'éifeacht leis an gCinneadh Réime seo an oibleagáid a mhodhnú chun cearta bunúsacha agus bunphrionsabail dlí a urramú mar a chumhdaítear iad le hAirteagal 6 [CAE]". Tá aithrisí 10, 12 agus 13 den Chinneadh Réime sin ábhartha freisin i ndáil leis sin. [34]

[33] Mar a luaigh an Coimisiún ina thuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar chur i bhfeidhm an Chinnidh Réime ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit an 2 Iúil 2020 (COM(2020) 270 final, lch 9), "tá formhór mór na mBallstát tar éis an oibleagáid maidir le cearta bunúsacha agus bunphrionsabail dlí a urramú a thrasuí go sainráite, cuid acu i dtéarmaí ginearálta, ach cuid eile ag tagairt go sonrach do na cearta a luaitear in aithrisí 12 agus 13. Mar shampla, tagraíonn roinnt trasuí náisiúnta go ginearálta do chonarthaí ar chearta an duine agus saoirsí bunúsacha [...] agus/nó d'Airteagal 6 [CAE]. Thrasuigh roinnt Ballstát Airteagal 1(3) den Chinneadh Réime [sin] trí thagairt a dhéanamh don [ECHR] amháin, gan aon tagairt a dhéanamh don [Chairt]".

[34] De bhun aithris 10 den Chinneadh Réime sin, "Tá an sásra barántais gabhála Eorpaigh bunaithe ar ardleibhéal muiníne idir na Ballstáit. Ní fhéadfar a chur chun feidhme a chur ar fionraí ach amháin i gcás ina ndéanfaidh ceann de na Ballstáit sárú tromchúiseach agus leanúnach ar na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 6(1) [CAE], arna chinneadh ag Comhairle [an Aontais Eorpaigh] de bhun Airteagal 7(1) [CAE] leis na hiarmhairtí dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal céanna." Ina theannta sin, foráiltear an méid seo a leanas in aithris 12 den Chinneadh Réime céanna "urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus a léirítear sa Chairt [...], go háirithe Caibidil VI de. Ní fhéadfar aon ní i [gCinneadh Réime 2002/584] a léirmhíniú ar chaoi a gciallaíonn go dtoirmisctear duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a dhiúltú nuair a bheidh cúiseanna ann lena chreidiúint, ar bhonn eilimintí oibiachtúla, gur eisíodh an barántas gabhála sin chun duine a ionchúiseamh nó a phionósú ar fhoras a ghnéis, a chine, a reiligiúin, a bhunaidh eitnigh, a náisiúntachta, a theanga, a thuairimí polaitiúla nó a tuairimí polaitiúla nó a chlaonta gnéis, nó go bhféadfar seasamh an duine sin a dhochrú ar aon cheann de na cúiseanna sin". Ina theannta sin, léirítear le haithris 13 den Chinneadh Réime sin Airteagal 4 agus Airteagal 19(2) den Chairt, ina luaitear "Ní fhéadfar aon duine a aistriú, a dhíbirt nó a eiseachadadh chuig Stát ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfar é nó í a chur faoi phionós an bháis nó a chéasadh nó íde nó pionós eile atá mídhaonna nó táireach a chur air nó uirthi".

59. Mar a luaigh mé thuas, ghlac an Chúirt Bhreithiúnais leis go bhféadfaí teorainneacha a fhorchur ar phrionsabail an aitheantais fhrithpháirtigh agus na muiníne frithpháirtí idir na Ballstáit "in imthosca eisceachtúla",[35] agus a réasúnú á bhunú, go háirithe, ar Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584.[36]

60. Mar thoradh ar na haighneachtaí seo a leanas meabhróidh mé nach mór na coinníollacha nach mór d'údarás breithiúnach forghníomhaitheach a urramú d'fhonn a bheith i dteideal diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú, má tá forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeadh sé d'éifeacht ag forghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh an bonn a bhaint de chearta bunúsacha an duine lena mbaineann, a léirmhíniú go docht chun a áirithiú go bhfuil diúltú d'fhorghníomhú de chineál eisceachtúil.

61. I bhfianaise an méid sin roimhe seo, ní fheictear dom gur féidir liom cáineadh a dhéanamh, mar sin, go luann Ballstát ina dhlí náisiúnta an fhéidearthacht go ndiúltódh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar fhorais den sórt sin, a mhéid a bhí an Chúirt Bhreithiúnais féin ag brath ar Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584 d'fhonn glacadh le teorainneacha ar phrionsabail an aitheantais fhrithpháirtigh agus na muiníne frithpháirtí idir na Ballstáit. Mar sin féin, chuirfinn cáilíocht thábhachtach leis láithreach a mhéid, ar ndóigh, nach mór foráil náisiúnta, amhail Airteagal 4(5)(5) den Dlí maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach, cosúil le haon fhoráil náisiúnta lena gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme, a léirmhíniú i gcomhréir le dlí an Aontais. Ní féidir le húdarás breithiúnach forghníomhaitheach, dá bhrí sin, brath ar fhoráil den sórt sin mar bhonn le diúltú éigeantach agus uathoibríoch chun barántas ghabhála Eorpach a fhorghníomhú i gcás sáraithe líomhnaithe ar chearta bunúsacha an duine lena mbaineann,[37] gan aird ar an gcorpas cásdlí lena dteorannaítear go docht na coinníollacha faoinar féidir, go heisceachtúil, iarraidh ó údarás breithiúnach eisiúna a dhiúltú.

62. Dá bhrí sin, molaim mar fhreagra ar an gcéad cheist a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú nach mór Cinneadh Réime 2002/584 a léirmhíniú ar chaoi a gciallaíonn go gcuirtear bac ar údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn forais le haghaidh neamhfhorghníomhú dá bhforáiltear ina dhlí náisiúnta, ach nach bhfuil leagtha amach sa Chinneadh Réime sin. Ar an taobh eile, ní chuirtear bac leis an gCinneadh Réime sin ar fhoráil náisiúnta lena gcuirtear Airteagal 1(3) den Chinneadh Réime sin chun feidhme, trí fhoráil a dhéanamh go bhféadfadh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú d'éifeacht a thabhairt do bharántas gabhála Eorpach má tá forais shubstaintiúla aige lena chreidiúint go mbeadh sé d'éifeacht ag forghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh an bonn a bhaint de chearta bunúsacha an duine lena mbaineann, ar choinníoll go gcuirtear an fhoráil sin i bhfeidhm i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais ina leagtar síos na coinníollacha dochta faoina bhféadfadh diúltú den sórt sin tarlú.

35 Féach, go háirithe, breithiúnais *Aranyosi agus Căldăraru* (mír 82 agus an cásdlí a luaitear) agus *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)* (mír 43).

36 Féach, go háirithe, breithiúnais *Aranyosi agus Căldăraru* (mír 83) agus *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)* (mír 45). Féach freisin Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Campos Sánchez-Bordona i gCásanna Uamtha *L agus P (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)* (C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:925), lena luaitear gur "ghlac an Chúirt Bhreithiúnais leis, sa bhreis ar na cásanna dá dtagraítear go sainráite in Airteagail 3 go 5 den Chinneadh Réime, gur féidir diúltú freisin d'fhorghníomhú [barántais gabhála Eorpaigh] 'in imthosca eisceachtúla', lena gceanglaítear, mar gheall ar a thromchúisí atá siad, teorainneacha a fhorchur ar phrionsabail an aitheantais fhrithpháirtigh agus na muiníne frithpháirtí idir na Ballstáit, ar a bhfuil comhar breithiúnach in ábhair choiriúla bunaithe" (mír 39).

37 I ndáil leis sin, ba cheart a chur i bhfios gur i láthair cinneadh ón gComhairle Eorpach amháin atá sé, agus ina dhiaidh sin go gcuireann an Chomhairle cur i bhfeidhm Chinneadh Réime 2002/584 ar fionraí maidir leis an mBallstát lena mbaineann, de bhun Airteagal 7(2) agus (3) CAE, go gceanglófaí ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú go huathoibríoch d'aon bharántas gabhála Eorpach arna eisiúint ag an mBallstát sin a fhorghníomhú: Féach, go háirithe, breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 65 agus an cásdlí a luaitear).

63. I bhfianaise an fhreagra a mholaim gur cheart don Chúirt Bhreithiúnais a thabhairt ar an gcéad cheist a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú, níl aon ghá, i mo thuairim, leis an dara ceist a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú a fhreagairt.

## *C. An tríú go dtí an séú ceist a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú*

64. Mar atá luaite thuas, scrúdóidh mé le chéile an tríú go dtí an séú ceist a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú, sa mhéid inarb aidhm dóibh uile le soiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha faoina bhféadfaidh údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar an bhforas nach bhfuil inniúlacht ag an údarás breithiúnach eisiúna chun an barántas gabhála Eorpach sin a eisiúint agus an duine iarrtha a thriail.

65. I ndáil leis sin, tá soiléiriú ar roinnt gnéithe á lorg ag an gcúirt a rinne an tarchur. Ar an gcéad dul síos, an féidir foras den sórt sin le haghaidh neamhfhorghníomhú eascairt ó Airteagal 6(1) de Chinneadh Réime 2002/584? Ansin, agus sin é croílár na faidhbe a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, cad iad na coinníollacha faoina bhféadfaidh údarás breithiúnach forghníomhaitheach, ar bhonn Airteagal 1(3) den Chinneadh Réime sin, diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar fhoras lena líomhnaítear baol go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil, arna chosaint ag an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt? Ar deireadh, cén tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag freagra na ceiste deiridh, ar thaobh amháin, go raibh an duine iarrtha in ann, os comhair chúirteanna an Bhallstáit eisiúna, cosaint a chearta bunúsacha a agairt agus agóid a dhéanamh i gcoinne inniúlacht na gcúirteanna sin agus, ar an taobh eile, trí oibleagáid a d’fhéadfadh a bheith ann, ar údarás breithiúnach forghníomhaitheach a shamhlaíonn go ndiúltóidh sé do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú, faisnéis bhreise a iarraidh ón údarás breithiúnach eisiúna, de bhun Airteagal 15(2) den Chinneadh Réime sin?

### *1. An féidir le foras le haghaidh neamhfhorghníomhú atá bunaithe ar easpa inniúlachta an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna chun barántas gabhála Eorpach a eisiúint a bheith mar thoradh ar Airteagal 6(1) de Chinneadh Réime 2002/584?*

66. Tugaim faoi deara nach bhfuil aon fhoráil i gCinneadh Réime 2002/584, go háirithe Airteagail 3, 4 agus 4a, lena bhforáiltear go sainráite d’fhoras le haghaidh neamhfhorghníomhú ar an mbonn nach bhfuil inniúlacht ag an údarás breithiúnach eisiúna chun barántas gabhála Eorpach a eisiúint. Ina theannta sin, ní fheictear domsa gur féidir foras den sórt sin le haghaidh neamhfhorghníomhú a thuiscint ó Airteagal 6(1) den Chinneadh Réime sin ach oiread.

67. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin go nglacann prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh leis nach gá ach barántais ghabhála Eorpacha, de réir bhrí Airteagal 1(1) de Chinneadh Réime 2002/584, a fhorghníomhú i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Réime sin, lena gceanglaítear go n-eiseoidh barántas den sórt sin, atá aicmithe san fhoráil sin mar “chinneadh breithiúnach”, le “húdarás breithiúnach”, de réir bhrí Airteagal 6(1) den Chinneadh Réime sin.[38]

68. Ba mhaith liom a chur in iúl faoin bhforáil sin “gurb é an t-údarás breithiúnach eisiúna, údarás breithiúnach an Bhallstáit eisiúna a bhfuil inniúlacht aige chun barántas gabhála Eorpach a eisiúint faoi dhlí an Stáit sin”.

[38] Féach, go háirithe, breithiúnas *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)* (mír 38 agus an cásdlí a luaitear).

69. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 6(3) den Chinneadh Réime sin "go gcuirfidh gach Ballstát Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas faoin údarás breithiúnach inniúil faoina dhlí náisiúnta". De bhun na forála sin, chuir Ríocht na Spáinne in iúl don Chomhairle, de bhua Airteagal 35 de Ley 23/2014 de reconocimiento mutuo de resoluciones penales en la Unión Europea (Dlí Uimh. 23/2014 maidir le haitheantas frithpháirteach do bhreithiúnais in ábhair choiriúla san Aontas Eorpach),[39] an 20 Samhain 2014, gurb iad na húdaráis bhreithiúnacha a bhfuil inniúlacht acu chun barántais ghabhála Eorpacha a eisiúint an breitheamh nó an chúirt a bhí i gceannas ar an gcás i gcomhthéacs inarb iomchuí barántas den sórt sin a eisiúint.[40] Mar sin tá comhfhreagras idir inniúlacht údaráis bhreithiúnaigh chun cás a éisteacht agus inniúlacht an údaráis sin barántas gabhála Eorpach a eisiúint chun críoch imeachtaí coiriúla.

70. Mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais, go háirithe, ina breithiúnas an 27 Bealtaine 2019, *OG agus PI (Oifigí an Ionchúisitheora Phoiblí, Lübeck agus Zwickau)*[41], níl an téarma "údarás breithiúnach" in Airteagal 6(1) de Chinneadh Réime 2002/584 teoranta do bhreithiúna nó cúirteanna Ballstáit amháin a ainmniú, ach ní mór é a thuiscint mar théarma lena n-ainmnítear, ar bhonn níos leithne, na húdaráis atá rannpháirteach i riaradh an cheartais choiriúil sa Bhallstát sin, murab ionann agus, go háirithe, aireachtaí nó seirbhísí póilíneachta, ar cuid den fheidhmeannas iad.[42]

71. Ina theannta sin, dar leis an gCúirte Bhreithiúnais, ciallaíonn coincheap an "údaráis bhreithiúnaigh", de réir bhrí Airteagal 6(1) de Chinneadh Réime 2002/584, go gníomhaíonn an t-údarás lena mbaineann go neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid dualgas a bhaineann le barántas gabhála Eorpach a eisiúint.[43]

72. Mura n-urramaítear na critéir a fhágann gur féidir coincheap an "údaráis bhreithiúnaigh" de réir bhrí Airteagal 6(1) de Chinneadh Réime 2002/584 a shainmhíniú, féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú. Ar an taobh eile, i gcás ina n-urramaítear na critéir sin, ní dóigh liom gur féidir foclaíocht na forála sin, a mhéid a bhaineann sí le húdarás breithiúnach "a bhfuil inniúlacht acu chun barántas gabhála Eorpach a eisiúint faoi dhlí an Stáit sin", a léirmhíniú ar chaoi a gciallaíonn go dtugtar léi an chumhacht don údarás breithiúnach forghníomhaitheach chun inniúlacht an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna a fhíorú maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach atá i gceist a eisiúint agus forghníomhú an bharántais sin a dhiúltú má mheasann sé nach bhfuil inniúlacht ag an údarás sin.

73. Bheadh sé ag teacht salach ar phrionsabal an neamhspleáchais nós imeachta, ar dá réir is féidir na Ballstáit, ina ndlí náisiúnta, an t-údarás breithiúnach a ainmniú a bhfuil inniúlacht aige barántas gabhála Eorpach a eisiúint, dá nglacfaí le hAirteagal 6(1) den Chinneadh Réime sin d'údarás breithiúnach forghníomhaitheach athbhreithniú a dhéanamh ar inniúlacht an údaráis

[39] BOE Uimh. 282 an 21 Samhain 2014, lch. 95437.

[40] Féach Comhairle an Aontais Eorpaigh, Ráitis ó Stát na Spáinne tar éis ghlacadh Dhlí 23/2014 an 20 Samhain 2014 maidir le haitheantas frithpháirteach cinntí i dtaca le hábhair choiriúla san Aontas Eorpach an 23 Aibreán 2015 (Doiciméad Uimh. 8138/15, lch. 2, ar fáil ag an seoladh gréasáin seo a leanas: https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-8138-2015-INIT/fr/pdf).

[41] C-508/18 agus C-82/19 PPU, "breithiúnas *OG agus PI (Oifigí an Ionchúisitheora Phoiblí, Lübeck agus Zwickau)*", EU:C:2019:456).

[42] Mír 50 den bhreithiúnas sin agus an cásdlí a luaitear.

[43] Féach, go háirithe, breithiúnas *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)* (mír 38 agus an cásdlí a luaitear). Ar an gcaoi chéanna, shonraigh an Chúirt Bhreithiúnais go mbaineann coincheap an "údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaithigh", de réir bhrí Airteagal 6(2) de Chinneadh Réime 2002/584, ar an gcaoi chéanna le coincheap an "údaráis bhreithiúnaigh eisiúna", de réir bhrí Airteagal 6(1) den Chinneadh Réime sin, le breitheamh nó cúirt nó údarás breithiúnach, amhail oifig an ionchúisitheora phoiblí de chuid Ballstáit, atá rannpháirteach i riaradh an cheartais sa Bhallstát sin agus a bhfuil an neamhspleáchas is gá aige ón bhfeidhmeannas: féach, go háirithe, breithiúnas an 28 Aibreán 2022 *C agus CD (Baic dlí i ndáil le cinneadh maidir le tabhairt suas a fhorghníomhú)* (C-804/21 PPU, EU:C:2022:307, mír 61 agus an cásdlí a luaitear).

bhreithiúnaigh eisiúna.[44] Dá bhrí sin, ní faoin údarás breithiúnach forghníomhaitheach atá sé, i bhfianaise leithdháileadh na ndualgas idir é agus an t-údarás breithiúnach eisiúna, a fhíorú an bhfuil inniúlacht ag an údarás breithiúnach eisiúna, i gcomhréir le rialacha eagrúcháin agus imeachtaí breithiúnacha an Bhallstáit eisiúna, chun barántas gabhála Eorpach a eisiúint. A luaithe a thagann barántas gabhála Eorpach ó "údarás breithiúnach", de réir bhrí Airteagal 6(1) den Chinneadh Réime sin, ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach a thoimhdiú go n-urramaíonn an t-údarás breithiúnach eisiúna na rialacha náisiúnta lena sainítear a inniúlacht.

74. Ina iomláine, cé nach féidir brí agus raon feidhme an choincheapa "údarás breithiúnach", de réir bhrí Airteagal 6(1) de Chinneadh Réime 2002/584, a fhágáil faoi mheasúnú gach Ballstáit,[45] agus cé go n-éilítear leis an gcoincheap sin, ar fud an Aontais Eorpaigh, léirmhíniú neamhspleách agus aonfhoirmeach,[46] tagann na rialacha lena gcinntear inniúlacht an údaráis sin maidir le barántas gabhála Eorpach a eisiúint faoi neamhspleáchas nós imeachta an Bhallstáit eisiúna, nach féidir leis an údarás breithiúnach forghníomhaitheach cur isteach air ar bhonn na forála sin. Bhainfeadh aon léirmhíniú eile an bonn de phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh.

75. Tá an méid sin gan dochar don athbhreithniú breithiúnach a fhéadfar a dhéanamh sa Bhallstát eisiúna, ag gníomhú dó *ex officio* nó ar thionscnamh an duine iarrtha, d'fhonn a fhíorú gur urramaíodh na rialacha náisiúnta lena gcinntear inniúlacht an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna.

76. Is léir ó na tosca sin nach mór, i mo thuairim, Airteagal 6(1) de Chinneadh Réime 2002/584 a léirmhíniú ar chaoi a chiallaíonn nach gceadaítear leis d'údarás breithiúnach forghníomhaitheach athbhreithniú a dhéanamh an bhfuil inniúlacht ag an údarás breithiúnach eisiúna, faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna, chun barántas gabhála Eorpach a eisiúint.

*2. Cad iad na coinníollacha faoina bhféadfaidh údarás breithiúnach forghníomhaitheach, ar bhonn Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú i gcás ina bhfuil baol líomhnaithe ann go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú roimhe sin le dlí, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt?*

77. Is gá anois na coinníollacha faoina bhféadfaidh Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, mar bhonn do mhaolú féideartha ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, a chumasú d'údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú i gcás ina bhfuil baol líomhnaithe ann go sárófar ceart bunúsach an duine iarrtha chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú roimhe sin le dlí, arna chosaint leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt a shonrú.

78. Ba mhaith liom a chur in iúl ag an tús nach mór, i mo thuairim, go mbeadh freagra na ceiste sin á threorú ag réamhleagan ar aon anailís a rinneadh ar an ábhar, eadhon, "go bhfuil prionsabal na muiníne frithpháirtí idir na Ballstáit ríthábhachtach i ndlí an Aontais ós rud é go gceadaítear leis limistéar gan teorainneacha inmheánacha a chruthú agus a choinneáil. Ceanglaítear le prionsabal na muiníne frithpháirtí, go háirithe maidir leis an limistéar saoirse, slándála agus

[44] Féach, go háirithe, breithiúnas *OG agus PI (Oifigí an Ionchúisitheora Phoiblí, Lübeck agus Zwickau)* (mír 48 agus an cásdlí a luaitear).

[45] Féach, go háirithe, breithiúnas *OG agus PI (Oifigí an Ionchúisitheora Phoiblí, Lübeck agus Zwickau)* (mír 48 agus an cásdlí a luaitear).

[46] Féach, go háirithe, breithiúnas *OG agus PI (Oifigí an Ionchúisitheora Phoiblí, Lübeck agus Zwickau)* (mír 49 agus an cásdlí a luaitear).

ceartais, ar gach ceann de na Stáit sin, ach amháin in imthosca eisceachtúla, a mheas go n-urramaíonn na Ballstáit eile go léir dlí an Aontais agus, go háirithe, na cearta bunúsacha a aithnítear leis an dlí sin". [47]

79. Tugtar le tuiscint leis an muinín fhrithpháirteach sna córais náisiúnta chun cearta bunúsacha a chosaint, mar a dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais go láidir ina Tuairim 2/13 (*Aontachas an Aontais Eorpaigh le ECHR*), "nuair a chuireann na Ballstáit dlí an Aontais chun feidhme, is féidir a cheangal orthu, de bhua an dlí sin, toimhde a dhéanamh go n-urramaíonn na Ballstáit eile na cearta bunúsacha sin, sa chaoi *nach bhféadfaidh siad* a éileamh, ní hamháin leibhéal níos airde cosanta náisiúnta do chearta bunúsacha ó Bhallstát eile ná an leibhéal a ráthaítear le dlí an Aontais, ach freisin, *ach amháin i gcásanna eisceachtúla, a sheiceáil cé acu atá nó nach bhfuil, i gcás nithiúil, na cearta bunúsacha a ráthaíonn an tAontas Eorpach á n-urramú ag an mBallstát eile sin*". [48] Ina dhiaidh sin, i réimse an bharántais gabhála Eorpaigh, níor cuireadh an Chúirt Bhreithiúnais ar atreo maidir le béim a chur ar nádúr eisceachtúil an athbhreithnithe ag údarás breithiúnach forghníomhaitheach ar urraim na gceart bunúsach sa Bhallstát eisiúna. [49] Is léiriú é sin, sa réimse sin, nach mór oibleagáid na mBallstát cearta bunúsacha a urramú a bheith ina cuid de struchtúr agus de chuspóirí an Aontais. [50]

80. I ndáil leis sin, ba cheart a choinneáil i gcuimhne gurb é is aidhm do Chinneadh Réime 2002/584 ná, trí chóras simplithe agus éifeachtach a bhunú chun daoine ciontaithe nó daoine atá faoi amhras maidir le sárú a bheith déanta acu ar an dlí coiriúil a thabhairt suas, comhar breithiúnach a éascú agus dlús a chur leis d'fhonn cabhrú leis an gcuspóir arna leagan síos a bhaint amach go mbeidh an tAontas Eorpach ina limistéar saoirse, slándála agus ceartais, bunaithe ar an ardleibhéal muiníne nach mór a bheith ann idir na Ballstáit. [51]

81. Ina theannta sin, léirigh mé cheana féin, chun an cuspóir sin a bhaint amach, go gciallaíonn prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh gurb ionann barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú agus an prionsabal agus nach mór an diúltú d'fhorghníomhú a thuiscint mar eisceacht atá le léirmhíniú go docht. [52]

82. Sa chomhthéacs sin, ghlac an Chúirt Bhreithiúnais, ina breithiúnas *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)*, go raibh fíorbhaol ann, ar nós fíorbhaol go sárófar Airteagal 4 den Chairt, go sárófar ceart bunúsach an duine lena mbaineann chun triail chóir a fháil, mar a leagtar amach sa dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, go bhféadfaí, ar bhonn eisceachtúil, diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú.

83. Mar sin, "tá an t-ardleibhéal muiníne idir na Ballstáit ar a bhfuil an sásra bharántas gabhála Eorpaí bunaithe ag brath ar an tuiscint go sásaíonn na cúirteanna coiriúla sa Bhallstát eisiúna a chaithfidh, i ndiaidh forghníomhú barántais gabhála Eorpaigh, imeachtaí coiriúla ionchúisimh nó imeachtaí forghníomhaithe pianbhreithe coimeádta nó ordaithe coinneála a reáchtáil, chomh

[47] Féach, go háirithe, Tuairim 2/13 (*Aontachas an Aontais Eorpaigh le ECHR*), an 18 Nollaig 2014 (EU:C:2014:2454, "Tuairim 2/13 (*Aontachas an Aontais Eorpaigh le ECHR*)", mír 191 agus an cásdlí a luaitear), agus maidir le barántas gabhála Eorpach, breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa bhallstát eisiúna)* (mír 40 agus an cásdlí a luaitear).

[48] Féach Tuairim 2/13 (*Aontachas an Aontais Eorpaigh le ECHR*) (mír 192, béim curtha leis).

[49] Féach, go háirithe, breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 41).

[50] Mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais ina breithiúnas an 17 Nollaig 1970, *Internationale Handelsgesellschaft* (11/70, EU:C:1970:114, mír 4). Féach, níos déanaí ná sin, Tuairim 2/13 *Aontachas an Aontais Eorpaigh le ECHR* (mír 170 agus an cásdlí a luaitear).

[51] Féach, go háirithe, breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 42 agus an cásdlí a luaitear). Féach freisin breithiúnas an 28 Aibreán 2022 *C agus CD (Baic dlí i ndáil le cinneadh maidir le tabhairt suas a fhorghníomhú)* (C-804/21 PPU, EU:C:2022:307, mír 51 agus an cásdlí a luaitear).

[52] Féach, go háirithe, breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (míreanna 43 agus 44 agus an cásdlí a luaitear).

maith leis na himeachtaí coiriúla, na ceanglais a bhaineann leis an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt".[53] Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, "tá an ceart bunúsach sin fíorthábhachtach mar ráthaíocht go gcosnófar na cearta go léir atá ag daoine aonair faoi dhlí an Aontais agus go gcaomhnófar na luachanna is coiteann do na Ballstáit mar a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, go háirithe luach an smachta reachta".[54]

84. Dá bhrí sin, beidh urramú na gceanglas a bhaineann leis an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, ina bhonn d'fheidhmiú shásra an bharántais gabhála Eorpaigh lena n-urramaítear na cearta atá ag daoine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach.

85. I ndáil leis sin, níl aon amhras ann, mar údaráis nach mór dóibh Cinneadh Réime 2002/584 a chur i bhfeidhm, go bhfuil sé de cheangal ar na húdaráis bhreithiúnacha eisiúna agus forghníomhaithe na cearta bunúsacha a chosnaítear leis an gCairt a urramú. Mar sin féin, chun go bhfeidhmeoidh an córas um thabhairt suas a bunaíodh leis an gCinneadh Réime sin, roinntear na freagrachtaí ina leith sin, i gcomhréir le prionsabal na muiníne frithpháirtí, idir an dá údarás sin. Dá dtabharfaí de chumhacht don údarás breithiúnach eisiúna agus don údarás breithiúnach forghníomhaitheach na seiceálacha céanna a dhéanamh, chuirfí éifeachtúlacht agus luas an tabhairt suas i mbaol. Thairis sin, tá muinín fhrithpháirteach contrártha le cros-seiceálacha a bheith déanta ag gach údarás chun urraim na gceart bunúsach sa Bhallstát lena mbaineann an t-údarás eile a fhíorú. Ní féidir le diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú bunaithe ar chinneadh ón údarás breithiúnach forghníomhaitheach go bhfuil baol ann go sárófar cearta bunúsacha sa Bhallstát eisiúna ach a bheith, mar sin, de chineál eisceachtúil.

86. Is é sin a chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl agus í ag cinneadh, "cé gur faoi gach Ballstát, go príomha, atá sé, chun a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm go hiomlán na prionsabail a bhaineann le muinín agus aitheantas frithpháirteach atá mar bhonn taca d'fheidhmiú an tsásra sin, a áirithiú, faoi athbhreithniú deiridh na Cúirte, go gcaomhnaítear na ceanglais a bhaineann leis [an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt], trí staonadh ó aon bheart ar dóigh dó iad a shárú [...], má tá fíorbhaol ann maidir leis an duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach, i gcás é a thabhairt suas don údarás breithiúnach eisiúna, go ndéanfar sárú ar an gceart bunúsach céanna, is féidir gur ceadmhach don údarás breithiúnach forghníomhaitheach staonadh, go heisceachtúil, ó éifeacht a thabhairt don bharántas gabhála Eorpach sin, ar bhonn Airteagal 1(3) den Chinneadh Réime sin".[55]

87. Tá an fíorbhaol atá ann maidir leis an duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach, i gcás é a thabhairt suas don údarás breithiúnach eisiúna, go ndéanfar sárú ar a cheart bunúsach chun triail chóir a fháil de chineál lena n-athraítear, ar bhonn eisceachtúil, leithdháileadh na bhfreagrachtaí atá ar an údarás breithiúnach eisiúna agus ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach faoi seach. Ba mhaith liom a chur in iúl, i ndáil leis sin, maidir le himeachtaí a bhaineann le barántas gabhála Eorpach, gurb é an Ballstát eisiúna atá freagrach go príomha as urraim do chearta an duine iarrtha a áirithiú, a bhfuil gá a thoimhdiú go n-urramaíonn sé dlí an Aontais agus, go háirithe, na cearta bunúsacha a aithníonn an Ballstát sin.[56]

[53] Breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 45 agus an cásdlí a luaitear).

[54] Breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 45 agus an cásdlí a luaitear).

[55] Breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 46 agus an cásdlí a luaitear).

[56] Féach, go háirithe, breithiúnais an 23 Eanáir 2018, *Piotrowski* (C-367/16, EU:C:2018:27, mír 50 agus an cásdlí a luaitear), agus an 13 Eanáir 2021, *MM* (C-414/20 PPU, EU:C:2021:4, mír 61 agus an cásdlí a luaitear). Féach freisin breithiúnas *Spetsializirana prokuratura (Litir na gceart)*,, ina luann an Chúirt Bhreithiúnais "maidir le himeachtaí a bhaineann le [barántas gabhála Eorpach], is é an Ballstát eisiúna go príomha atá freagrach as cearta bunúsacha a áirithiú" (mír 39 agus an cásdlí a luaitear).

88. Tá teorainn dhocht ag an gCúirt Bhreithiúnais leis an bhféidearthacht d'údarás breithiúnach forghníomhaitheach an toimhde sin a fhrisnéis trí athbhreithniú a dhéanamh ar an mbaol go sárófar na cearta bunúsacha sa Bhallstát eisiúna, rud a d'fhéadfadh a fhágáil ar an údarás sin diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, lena n-éilítear, i mbreithiúnas *Aranyosi agus Căldăraru*, agus go comhsheasmhach ó shin i leith, comhlíonadh measúnaithe dhá chéim ina nasctar measúnú ar an leibhéal sistéamach le hathbhreithniú ar an leibhéal aonair maidir le baol a líomhnaithe.

89. Dá bhrí sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais "i gcás ina bhfuil fianaise ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach a bhfuil air cinneadh a dhéanamh maidir le duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a thabhairt suas go bhfuil easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe ann maidir le neamhspleáchas bhreithiúnacht an Bhallstáit eisiúna, nach féidir leis toimhde a dhéanamh, mar sin féin, go bhfuil forais shubstaintiúla agus chruthaithe ann lena chreidiúint go bhfuil an duine sin i bhfíorbhaol go sárófar a cheart bunúsach chun triail chóir a fháil i gcás ina dtabharfar suas é don Bhallstát sin, gan fíorú nithiúil agus beacht a dhéanamh ina gcuirtear san áireamh, go háirithe, cúinsí pearsanta an duine sin, cineál an chiona atá i gceist agus an comhthéacs fíorasach inar eisíodh an barántas, amhail ráitis nó gníomhartha údarás poiblí ar dóigh dóibh cur isteach ar láimhseáil cáis aonair". [57]

90. I gcomhthéacs an mheasúnaithe dhá chéim sin, "ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach, ar an gcéad dul síos, a chinneadh an bhfuil faisnéis oibiachtúil, iontaofa, beacht agus nuashonraithe go cuí ann lena léiriú gurb ann d'fhíorbhaol go sárófar, sa Bhallstát eisiúna, an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil a ráthaítear leis an bhforáil sin, mar gheall ar easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe maidir le neamhspleáchas bhreithiúnacht an Bhallstáit sin". [58]

91. Ina dhiaidh sin, "ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach a fhíorú, ar mhodh nithiúil agus beacht, a mhéid is dócha go mbeidh tionchar ag na heasnaimh a tugadh faoi deara le linn na chéad chéime ar leibhéal na gcúirteanna sa Bhallstát sin atá inniúil chun na himeachtaí a mbeidh an duine lena mbaineann faoina réir a éisteacht agus an bhfuil, ag féachaint do chás pearsanta an duine sin, do chineál an chiona a bhfuil an duine sin á ionchúiseamh ina leith agus don chomhthéacs fíorasach inar eisíodh an barántas gabhála sin, agus aon fhaisnéis arna soláthar ag an mBallstát céanna de bhun Airteagal 15(2) de Chinneadh Réime 2002/584 á cur san áireamh, forais shubstaintiúla agus chruthaithe ann chun a chreidiúint go mbeidh an duine sin i mbaol a leithéide má dhéantar é a thabhairt suas don Bhallstát sin". [59]

92. Ina breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)*, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais, maidir leis an bpróiseas chun breithiúna a cheapadh sa Bhallstát eisiúna, an gá atá le measúnú dhá chéim i gcás ina bhfuil an ráthaíocht i gceist, a bhaineann freisin leis an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil, a chumhdaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, maidir le binse arna bhunú roimhe sin le dlí agus ina sonraítear na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun an measúnú sin a chur i bhfeidhm.

93. Tugadh bonn cirt don mheasúnú dhá chéim sa chás sin le trí bhreith.

[57] Breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 50 agus an cásdlí a luaitear). Don chéad dearbhú ar an ngá atá le measúnú dhá chéim i ndáil leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, féach breithiúnas *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)* (míreanna 47 go 75).

[58] Breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 52 agus an cásdlí a luaitear).

[59] Breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 53 agus an cásdlí a luaitear).

94. Ar an gcéad dul síos, leag an Chúirt Bhreithiúnais béim ar na naisc dhoscartha atá ann, chun críoch an chirt bhunúsaigh chun triail chóir a fháil, idir na ráthaíochtaí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta breithiúna agus rochtain ar bhinse arna bhunú roimhe sin le dlí.[60] Ar an dara dul síos, chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl go bhfuil gá le hurramú ceart bunúsach na ndaoine iarrtha a chothromú le leasanna eile, amhail cearta íospartach a chosaint agus saoirse ó phionós a chomhrac, rud a chiallaigh nár cheart don údarás breithiúnach forghníomhaitheach a mheasúnú a theorannú go dtí an chéad chéim.[61] Ar an tríú dul síos, thug an Chúirt Bhreithiúnais rabhadh i gcoinne cur chuige a d'fhágfadh go gcuirfí forghníomhú an tsásra um barántas gabhála Eorpach ar fionraí maidir leis an mBallstát sin, gan aird a thabhairt ar inniúlacht na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle ina leith sin.[62]

95. Measaim nach mór, ar dhá phríomhchúis, an réasúnú a lean an Chúirt Bhreithiúnais ina breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa bhallstát eisiúna)*, atá bunaithe den chuid is mó ar an ngá atá lena cineál eisceachtúil a choinneáil do dhiúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú mar gheall ar bhaol líomhnaithe go sárófar ceart bunúsach an duine iarrtha chun triail chóir a fháil ag binse arna bhunú roimhe sin le dlí, a chumhdaítear sa dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, a chur in iúl sa chás seo.

96. Ar an gcéad dul síos, baineann an baol líomhnaithe sa chás seo le sárú ar an gceanglas céanna a bhaineann leis an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil, eadhon, an baol a bhaineann le binse arna bhunú roimhe sin le dlí, fiú amháin más rud é nach é seo an próiseas chun breithiúna a cheapadh sa Bhallstát eisiúna atá i gceist, ach go bhfuil na rialacha dlí lena gcinntear dlínse chúirteanna an Stáit sin faoi seach á hurramú.

97. Ar an dara dul síos, feictear dom gur ghá measúnú a dhéanamh ar fhíorbhaol go sárófar an ceart bunúsach sin i gcás tabhartha suas atá faoi réir measúnú dhá chéim, ionas gur féidir diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú atá bunaithe ar bhaol den sórt sin a bheith fíor-eisceachtúil fós.

98. Scrúdóidh mé an dá phointe sin i ndiaidh a chéile.

*(a) An gá le measúnú dhá chéim i gcás baol líomhnaithe go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú roimhe sin le dlí maidir le comhlíonadh na rialacha dlí lena gcinntear dlínse chúirteanna an Bhallstáit eisiúna*

99. Ceann de chomhpháirteanna na ráthaíochta a bhaineann le binse arna bhunú roimhe sin le dlí is ea an ceanglas nach mór do dhlínse na binse sin bunús dlí a bheith aici. Ba mhaith liom a chur in iúl, a mhéid a leagtar amach sa Chairt na cearta a chomhfhreagraíonn dóibh siúd a ráthaítear le ECHR, is é is aidhm d'Airteagal 52(3) den Chairt an chomhsheasmhacht is gá a áirithiú idir na cearta atá sa Chairt agus na cearta comhfhreagracha a ráthaítear le ECHR, gan an bonn a bhaint de neamhspleáchas dhlí an Aontais dá bhrí sin. De réir na mínithe maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha,[63] freagraítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt d'Airteagal 6(1)

[60] Féach breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (míreanna 55 go 58 agus an cásdlí a luaitear).

[61] Féach breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa bhallstát eisiúna)* (míreanna 59 go 62 agus an cásdlí a luaitear).

[62] Féach breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (míreanna 63 go 65 agus an cásdlí a luaitear).

[63] IO 2007 C 303, lch. 17.

ECHR. Dá bhrí sin, ní mór don Chúirt Bhreithiúnais a áirithiú go n-áiritheofar, lena léirmhíniú ar an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, leibhéal cosanta nach bhfuil ag teacht salach ar an leibhéal a ráthaítear in Airteagal 6(1) ECHR, arna léirmhíniú ag ECtHR.[64]

100. Tá an coincheap "binse arna bhunú le dlí", in éineacht leis na coincheapa "neamhspleáchas" agus "comhpháirtíocht" binse, ina chuid de "riachtanais institiúideacha" Airteagal 6(1) ECHR. I gcásdlí ECtHR, tá naisc an-dlúth ag na coincheapa sin.[65]

101. Chinn ECtHR, cé go bhfuil na ceanglais institiúideacha in Airteagal 6(1) ECHR, lena saothraítear gach ceann acu mar aidhm shonrach, lena ndéantar ráthaíochtaí sonracha maidir le triail chóir, tá siad ar aon dul lena chéile maidir le prionsabail bhunúsacha na smachta reatha agus deighilt na gcumhachtaí a urramú, lena sonraítear, i ndáil leis sin, nach mór dóibh ar bhonn gach ceann de na ceanglais sin, an mhuinín nach mór do na breithiúna a spreagadh i ndaoine aonair agus neamhspleáchas na cumhachta seo maidir leis na cumhachtaí eile a chaomhnú.[66] Tá na príomhghnéithe sin comhtháite ag an gCúirt Bhreithiúnais ina cásdlí.[67]

102. Ina theannta sin, tá léirmhíniú déanta ag ECtHR ar an gcoincheap "binse arna bhunú le dlí" mar "bhinse arna bhunú i gcomhréir leis an dlí".[68] Cosúil le neamhrialtachtaí sa phróiseas maidir le breithiúna a cheapadh,[69] d'fhéadfadh sárú ar rialacha an dlí náisiúnta lena rialaítear dlínse binse chun cás a éisteacht bac a chur ar an gceanglas maidir le "binse arna bhunú le dlí".[70] Áirítear leis an "dlí" dá dtagraítear in Airteagal 6(1) ECHR go háirithe a reachtaíocht maidir le bunú agus dlínse na gcomhlachtaí breithiúnacha.[71] Dá bhrí sin, de réir ECtHR, "mura bhfuil dlínse ag binse chun cosantóir a thriail i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ní binse é "arna bhunú le dlí" de réir bhrí na forála sin".[72]

103. I ndáil leis sin, ba cheart a shoiléiriú, de réir ECtHR, go bhfuil sé beartaithe na focail "arna bhunú le dlí" in Airteagal 6 ECHR a thabhairt isteach chun cosc a chur ar eagrú an chórais bhreithiúnaigh i sochaí dhaonlathach a fhágáil faoi rogha an fheidhmeannais agus a chinntiú go bhfuil an eagrú sin á rialú ag dlí a eascraíonn as Parlaimint.[73] Ina theannta sin, dar leis an gCúirt

64 Féach, go háirithe, breithiúnas an 29 Márta 2022, *Getin Noble Bank* (C-132/20, "breithiúnas *Getin Noble Bank*", EU:C:2022:235, mír 116 agus an cásdlí a luaitear).

65 Féach breithiúnas ECtHR an 1 Nollaig 2020, *Guðmundur Andri Ástráðsson* v. *an Íoslainn* (CE:ECHR:2020:1201JUD002637418, mír 231).

66 Féach breithiúnas ECtHR an 1 Nollaig 2020, *Guðmundur Andri Ástráðsson* v. *an Íoslainn* (CE:ECHR:2020:1201JUD002637418, míreanna 231 agus 233).

67 Féach, go háirithe, breithiúnas *Getin Noble Bank* (mír 117 agus an cásdlí a luaitear). Féach freisin, maidir le barántas gabhála Eorpach, breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 56 agus an cásdlí a luaitear).

68 Féach breithiúnas ECtHR an 1 Nollaig 2020, *Guðmundur Andri Ástráðsson v. an Íoslainn* (CE:ECHR:2020:1201JUD002637418, mír 229).

69 Féach, go háirithe, breithiúnas *Getin Noble Bank* (mír 120 agus an cásdlí a luaitear).

70 Féach breithiúnas ECtHR an 1 Nollaig 2020, *Guðmundur Andri Ástráðsson* v. *an Íoslainn* (CE:ECHR:2020:1201JUD002637418, mír 224).

71 Féach, go háirithe, breithiúnas ECtHR an 12 Iúil 2007, *Jorgic* v. *an Ghearmáin* (CE:ECHR:2007:0712JUD007461301, mír 64).

72 Breithiúnas ECtHR an 12 Iúil 2007, *Jorgic* v. *an Ghearmáin* (CE:ECHR:2007:0712JUD007461301, mír 64). Dá bhrí sin, ina breithiúnas an 22 Meitheamh 2000, *Coëme agus Páirtithe Eile* v. *An Bheilg* (CE:ECHR:2000:0622JUD003249296, míreanna 107 agus 108), chinn ECtHR nár chomhlíon Cúirt Achomhairc na Beilge an ceanglas maidir le "binse arna bhunú le dlí" agus í ag rialú ar chosantóirí seachas airí as sáruithe a bhaineann leo siúd ar ionchúisíodh na hairí ina leith, ós rud é nár bunaíodh an riail astaithe le dlí.

73 Féach, go háirithe, breithiúnais ECtHR an 22 Meitheamh 2000, *Coëme agus Páirtithe Eile* v. *an Bheilg* (CE:ECHR:2000:0622JUD003249296, mír 98), agus an 25 Deireadh Fómhair 2011, *Richert* v. *an Pholainn* (CE:ECHR:2011:1025JUD005480907, mír 42).

chéanna, "i dtíortha a bhfuil dlí códaithe acu, ní féidir eagrú an chórais bhreithiúnaigh a fhágáil faoi rogha na n-údarás breithiúnach, rud nach gcuirtear cosc, áfach, ar chumhacht áirithe lena ndéantar reachtaíocht náisiúnta sa réimse sin a léirmhíniú a thabhairt dóibh".[74]

104. Is léir ó na tosca sin go bhfuil dlúthbhaint idir tionscnamh dlíthiúil na rialacha lena gcinntear dlínse na gcúirteanna agus comhlíonadh na rialacha sin agus ráthaíochtaí maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna. Ar bhonn níos leithne, cuireann sé leis an smacht reachta agus scaradh na gcumhachtaí a áirithiú, agus ar an gcaoi sin an mhuinín nach mór do na breithiúna a spreagadh i ndaoine aonair agus neamhspleáchas na cumhachta sin maidir leis na cumhachtaí eile a chaomhnú.

105. Dá bhrí sin, is iad ráthaíochtaí maidir le rochtain ar bhinse neamhspleách, neamhchlaonta agus arna bhunú roimhe sin le dlí bunchloch an chirt chun triail chóir a fháil. Is gá a fháil amach an cúirt é an binse arna bhunú le dlí, i gcás ina bhfuil amhras tromchúiseach ann maidir le dlínse cúirte, ar mhaithe leis an muinín nach mór do chúirteanna sochaí daonlathaí a spreagadh i ndaoine aonair.[75]

106. Dá bhrí sin, mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais ina breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* maidir leis an bpróiseas chun breithiúna a cheapadh, ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach measúnú dhá chéim a dhéanamh freisin i gcás ina bhfuil baol líomhnaithe ann go sárófar an ráthaíocht a bhaineann le binse arna bhunú roimhe sin le dlí mar gheall ar mhírialtachtaí a bhaineann le dlínse chúirteanna an Bhallstáit eisiúna.

*(b) Measúnú dhá chéim a bhfuil bonn cirt leis mar gheall ar an ngá atá le cineál eisceachtúil an diúltaithe d'fhorghníomhú a choinneáil bunaithe ar bhaol líomhnaithe go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil*

107. D'fhéadfadh easpa dlínse an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna a bheith ina fhadhb ag an bpointe a n-eisítear barántas gabhála Eorpach agus dá mba rud é go gciallódh forghníomhú an bharántais sin go dtabharfadh cúirt nach bhfuil dlínse aici breithiúnas ar an duine atá cúisithe i gceist. An ról nach mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach a bheith aige nuair a líomhnaítear go bhfuil saincheist inniúlachta ag an údarás breithiúnach eisiúna sula ndearnadh díospóireacht air os comhair na Cúirte Breithiúnais.

108. Go dtí seo, dhírigh an Chúirt Bhreithiúnais ar bhonn cirt a thabhairt leis an ngá atá ann go ndéanfadh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach, tar éis dó an chéad chéim den mheasúnú a chur i gcrích, an dara céim den mheasúnú a dhéanamh. Go dtí seo, tá cásanna tugtha os comhair na Cúirte Breithiúnais ina séanfaidh an duine iarrtha easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe sa Bhallstát eisiúna. Sa chomhthéacs sonrach sin, leis an gceanglas a bhaineann le hathbhreithniú dhá chéim, is féidir a áirithiú nach gcuirtear bac ar chur i bhfeidhm Chinneadh Réime 2002/584 díreach mar thoradh ar easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe a léiriú, cé nach bhfuil an duine iarrtha, sa chleachtas, nochta d'aon fhíorbhaol ina aonar.

109. Sa chás seo, tá an tsaincheist éagsúil, ós rud é gurb é an féidir le húdarás breithiúnach forghníomhaitheach a dhiúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú a bhunú ar bhaol aonair go sárófar an ráthaíocht a bhaineann le binse arna bhunú roimhe sin le dlí agus nach

74 Féach, go háirithe, breithiúnais ECtHR an 22 Meitheamh 2000, *Coëme agus Páirtithe Eile* v. *an Bheilg* (CE:ECHR:2000:0622JUD003249296, mír 98), agus an 20 Deireadh Fómhair 2009, *Gorguiladzé* v. *an tSeoirsia* (CE:ECHR:2009:1020JUD000431304, mír 69).

75 Féach, de réir analaí, breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 58 agus an cásdlí a luaitear).

n-eascraíonn as easnaimh shistéameacha nó ghinearálaithe i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna. Dá bhrí sin, ní hé an cheist anseo an *leor* gurb ann d'easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe den sórt sin, ach an bhfuil *gá* leis chun a chumasú d'údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, i gcás ina líomhnaítear go bhfuil baol ann go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil ag binse arna bhunú roimhe sin le dlí, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt.

110. Feictear dom gur féidir téarmaí riachtanacha na díospóireachta ar an gceist seo os comhair na Cúirte Breithiúnais a achoimriú mar seo a leanas, ag tagairt don dá argóint frisnéise.

111. De réir na chéad argóinte, ní céim forchurtha é an cinneadh maidir le heasnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe a bheith ann i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna chun a chumasú d'údarás breithiúnach forghníomhaitheach a fhíorú an bhfuil baol aonair agus nithiúil ann go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú le dlí, agus ní mór don duine is ábhar don bharántas gabhála Eorpach tairbhe a bhaint aisti. I ndáil leis sin, ós rud é gur cheangail an Chúirt Bhreithiúnais go dtí seo go ndéanfadh an t-údarás sin measúnú dhá chéim i gcásanna ina gcaitear amhras ar urraim an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt sa Bhallstát eisiúna, mínítear, sna cásanna sin, gurbh é ba chúis leis an tsaincheist, i láthair easnamh sistéamach nó ginearálaithe, ná chun a fháil amach an raibh gá leis an dara céim a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar an mbaol go sárófar an ceart bunúsach sin ar an leibhéal aonair. Ar an taobh eile, níor rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais ar an gceist an bhfuil gá leis an gcéad chéim fós.

112. Dá bhrí sin, tugann tacadóirí na chéad argóinte sin, go pointe áirithe, maidir leis an gcothromaíocht idir muinín fhrithpháirteach agus cosaint an chirt bhunúsaigh chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú le dlí tosaíocht don dara heilimint sin. Ina theannta sin, ní chuireann na hargóintí a thacaíonn leis an argóint sin tábhacht chinntitheach leis an difríocht i nádúr na gceart bunúsach a chosnaítear leis an gCairt, is é sin, idir iad sin atá absalóideach agus iad sin a d'fhéadfadh a bheith faoi réir teorainneacha.

113. Os a choinne sin, de réir an dara argóint, bheadh gá, maidir leis an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú le dlí, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, urraim an dá chéim arna sainiú ag an gCúirt Bhreithiúnais a éileamh go docht chun teorainn a chur leis an bhfíorú a dhéanfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach ar fhíorbhaol go sárófar an ceart sin sa Bhallstát eisiúna. A mhéid, ionas nach ndéanfar dochar don mhuinín fhrithpháirteach nach mór do na Ballstáit teacht ar chomhaontú ina leith maidir le feidhmiú cuí a gcóras breithiúnach faoi seach, ní mór an fíorú a dhéanfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach ina leith sin a bheith de chineál eisceachtúil, rud a chiallaíonn go bhfuil cinneadh a bhaineann le heasnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe a bheith ann sa Bhallstát eisiúna ríthábhachtach. Is iad na heasnaimh sin amháin atá in ann fíorbhaol a chruthú go mbainfí an bonn de bhunbhrí an chirt sin nó, i gcás ar bith, go mbeidh fíorbhaol ann go ndéanfar sárú sách tromchúiseach ar an gceart sin. Ghlac cuid de tacadóirí na hargóinte sin leis go bhféadfadh difríocht a bheith ann maidir leis sin ag brath ar an mbaineann baol líomhnaithe an tsáraithe le ceart, amhail an ceart arna chosaint ag Airteagal 4 den Chairt, atá absalóideach nó cosúil leis an gceart a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, a d'fhéadfadh a bheith teoranta.

114. Dá bhrí sin, tugann tacadóirí an dara argóint sin, chun é a chur go simplí, tosaíocht don mhuinín fhrithpháirteach, rud nár cheart go bhféadfadh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach agóid a dhéanamh ina choinne ach amháin i gcásanna eisceachtúla, nach mór i gcónaí, maidir leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe a bheith i gceist leo i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna.

115. Is é an dara hargóint a chuimsíonn mo thacaíocht, a mhéid a rannchuidítear leis, trí dhiúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú mar eisceacht nach mór a léirmhíniú go docht, d'fhonn éifeachtacht chóras an chomhair bhreithiúnaigh idir na Ballstáit a áirithiú, a bhfuil an barántas sin ar cheann de na gnéithe riachtanacha de.

116. Chuige sin, feictear dom go bhfuil sé ríthábhachtach leithdháileadh na bhfreagrachtaí atá ar an mBallstát eisiúna agus ar an mBallstát forghníomhaitheach a chaomhnú a mhéid is féidir. Mar a luaigh mé cheana féin, is faoin mBallstát eisiúna go príomha atá sé a áirithiú go n-urramaítear leis an gcinneadh barántas gabhála Eorpach a eisiúint na cearta a fhaigheann an duine is ábhar do bharántas ó dhlí an Aontais, lena n-áirítear na cearta bunúsacha a chosnaítear leis an gCairt. Chuige sin, ní mór don Bhallstát eisiúna cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú don duine sin, go háirithe trí na leigheasanna dlí is gá a sholáthar don athbhreithniú sin.[76] Fad nach féidir aon easnamh sistéamach nó ginearálaithe i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna a léiriú, níl aon chúis leis an údarás breithiúnach forghníomhaitheach a bheith in amhras, trí na leigheasanna breithiúnacha atá ar fáil sa Bhallstát sin, go bhféadfadh an duine lena mbaineann sárú féideartha ar a cheart bunúsach nó chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú le dlí roimhe sin, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt a shuíomh agus, i gcás inarb iomchuí, a cheartú nó a phionósú. I ndáil leis sin, léiríodh ag na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais go bhfuil leigheasanna dlí ar fáil do na daoine is ábhar do na himeachtaí coiriúla atá i gceist sna príomhimeachtaí sa Bhallstát eisiúna chun athbhreithniú a dhéanamh, suas go dtí leibhéal an Tribunal Constitucional (an Chúirt Bhunreachtúil), d'urramú an chirt bhunúsaigh sin.[77] Ba mhaith liom a rá, i bhformhór na gcásanna, go réitítear deacrachtaí a bhaineann le dlínse na gcúirteanna le rialacha nós imeachta an dlí náisiúnta, ar rialacha iad is fearr is féidir le cúirteanna an Bhallstáit eisiúna a chur i bhfeidhm, agus ar an gcaoi sin go n-áirithítear cosaint an chirt bhunúsaigh chun triail a fháil ag binse arna bhunú le dlí.

117. Dá bhrí sin, in éagmais líomhaintí a bhaineann le heasnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna, arb é atá iontu, go háirithe, mífheidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit sin a d'fhéadfadh bac a chur ar shárú ar an gceart bunúsach atá i gceist arna shuíomh agus, i gcás inarb iomchuí, arna cheartú nó arna phionósú ag cúirt an Bhallstáit sin, ní mór do phrionsabal na muiníne frithpháirtí idir na Ballstáit ról iomlán a bheith aige, ionas gur féidir an cuspóir maidir le comhar breithiúnach idir na Ballstáit arna shaothrú le Cinneadh Réime 2002/584 a bhrostú agus a shimpliú a bhaint amach ar bhonn an ardleibhéil muiníne nach mór a bheith ann idir na Ballstáit.[78]

[76] Meabhraím, i ndáil leis sin, "Is aontas é an tAontas Eorpach atá bunaithe ar an smacht reachta ina bhfuil sé de cheart ag daoine aonair agóid a dhéanamh os comhair na gcúirteanna maidir le dlíthiúlacht aon chinnidh nó aon ghníomh náisiúnta eile a bhaineann le gníomh de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm orthu": féach, go háirithe, breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juízes Portugueses* (C-64/16, EU:C:2018:117, mír 31 agus an cásdlí a luaitear), agus *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)* (mír 49).

[77] Chun cur chuige inchomparáide a fháil i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta, féach breithiúnas an 22 Nollaig 2010, Aguirre Zarraga (C-491/10 PPU, EU:C:2010:828, míreanna 69 go 74). Tugaim faoi deara gur deimhníodh ag an éisteacht gur thionscain Puig Gordi "recurso de amparo" (achomharc chun cearta agus saoirsí bunúsacha a chosaint) os comhair an Tribunal Constitucional (an Chúirt Bhunreachtúil).

[78] Féach, go háirithe, breithiúnas an 28 Aibreán 2022, *C agus CD (Baic dlí i ndáil le cinneadh maidir le tabhairt suas a fhorghníomhú)* (C-804/21 PPU, EU:C:2022:307, mír 51 agus an cásdlí a luaitear).

118. Chun go bhféadfadh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach a fhíorú, i gcás ar leith, urraim an chirt bhunúsaigh chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú roimhe sin le dlí sa Bhallstát eisiúna, in éagmais easnamh sistéamach nó ginearálaithe i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit sin, thiocfadh méadú suntasach ar chúram an údaráis sin, rud a thiocfadh salach ar cheanglais na héifeachtachta agus ar luas na tabhartha suas. Ina theannta sin, léiríonn na fíorais as ar eascair an cás seo na deacrachtaí a bhíonn ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach nuair atá sé ag iarraidh rialacha nós imeachta an Bhallstáit eisiúna a chur i bhfeidhm, a léirmhíniú nó fiú iad a thuiscint.

119. Dá bhrí sin, i mo thuairim, is in imthosca eisceachtúla amháin, a bhfuil saintréithe acu trí easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe a bheith ann i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna, go ndéanfar aistriú ar roinnt na bhfreagrachtaí idir an t-údarás breithiúnach eisiúna agus an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach féadfaidh an t-údarás, lena gcuirtear ar chumas an údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaithigh a fhíorú an ndearna an Ballstát sin, i gcás sonrach, an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú roimhe sin le dlí, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, a urramú.[79] I bhfocail eile, is i gcás easnamh sistéamach nó ginearálaithe i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna amháin a d'fhéadfadh an riail nach gcaithfidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach urraim na gceart bunúsach a fhíorú sa Bhallstát eisiúna a mhaolú, ar bhonn eisceachtúil, i gcomhréir leis an méid a luaigh an Chúirt Bhreithiúnais i mír 192 dá Tuairim 2/13 (*Aontachas an Aontais Eorpaigh le ECHR*). Ceanglaítear leis an riail sin, dá bhrí sin, go gcoinneofar imthosca eisceachtúla laistigh de theorainneacha dochta.[80]

120. Is léir, i ndáil leis sin, ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais gur réamhchoinníoll riachtanach í an chéad chéim den mheasúnú a bheidh le déanamh ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach chun tús a chur leis an dara céim den mheasúnú sin. Mar chuid den dara céim seo, "ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach a mheasúnú *an dócha go dtiocfaidh na heasnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe a tugadh faoi deara le linn na chéad chéime den scrúdú seo chun cinn i gcás ina dtabharfar suas* an duine lena mbaineann don Bhallstát eisiúna agus, in imthosca sonracha an cháis, an bhfuil fíorbhaol ann, dá bhrí sin, go ndéanfar sárú ar cheart bunúsach an duine sin chun triail chóir a fháil ó chúirt arna bunú roimhe sin le dlí, ceart a chumhdaítear sa dara mír d'Airteagal 47 den Chairt".[81] Mar a luaigh an Coimisiún go ceart, is céimeanna carnacha iad an dá chéim den mheasúnú atá le déanamh ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach, ceann amháin ag leanúint ar aghaidh ón gceann eile i seicheamh anailísí nach mór don údarás sin a urramú.

[79] Féach, chuige sin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Tanchev sa chás *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)* (C-216/18 PPU, EU:C:2018:517), ina luann sé breithiúnas na Cúirte Uachtaraí (Éire) an 4 Bealtaine 2007, *an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v Brennan* [(2007) IECH 94], inar chinn an Chúirt Uachtarach sin nach raibh sé ach in imthosca eisceachtúla, "amhail easnamh bunúsach a leagadh síos go soiléir i gcóras breithiúnach an Stáit iarrthaigh" go ndéanfaí sárú ar chearta a chumhdaítear in Airteagal 6 ECHR bonn cirt a thabhairt le tabhairt suas faoin Dlí maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach (fonóta 47). Féach freisin breithiúnas an Cour de cassation (Cúirt Achomhairc, an Fhrainc) an 10 Bealtaine 2022 (Uimh. 22-82.379, FR:CCASS:2022:CR00676), inar rialaigh sí "gur léir ó chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh ar a bhfuil córas an bharántais gabhála Eorpaigh bunaithe ann féin bunaithe ar an muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit go bhfuil a ndlíchórais náisiúnta faoi seach in acmhainn cosaint comhionann agus éifeachtach a thabhairt do na cearta bunúsacha arna n-aithint ar leibhéal an Aontais agus *nach faoin Stát forghníomhaitheach atá sé, ach amháin i gcás easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe sa Stát eisiúna, a áirithiú go n-urramaíonn an Stát eisiúna na cearta bunúsacha*" (mír 14, béim curtha leis).

[80] Féach, chuige sin, Spielmann, D. agus Voyatzis, P., "Le mandat d'arrêt européen entre Luxembourg et Strasbourg: du subtil exercice d'équilibriste entre la CJUE et la Cour EDH", *Sa Justice — L'Espace de Liberté, de Sécurité et de Justice – Liber amicorum en hommage à Yves Bot*, Bruylant, an Bhruiséil, 2022, lch. 256. Mar a thug na húdair sin faoi deara, is cinnte go bhfuil "ginearálú" áirithe in imthosca eisceachtúla mar cheann de na dúshláin atá os comhair na Cúirte Breithiúnais, rud a bhainfeadh an bonn de phrionsabal na muiníne frithpháirtí agus d'éifeachtacht an tsásra um barántas gabhála Eorpach (lch. 300).

[81] Breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 82, béim curtha leis).

121. Ina theannta sin, de réir analaí leis an méid a chinn an Chúirt Bhreithiúnais i mír 62 dá breithiúnas in *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)*, measaim dá mba leor é fíorú an bhaoil go sárófar an ceart bunúsach sin i gcás ar leith, ann féin, chun a chumasú d'údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú, i gcás inarb iomchuí, do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú, d'fhéadfadh an t-iolrú ar na seiceálacha a d'fhéadfadh a bheith ag an údarás sin le cur i gcrích i ndáil leis sin an bonn a bhaint den chuspóir maidir le saoirse ó phionós a chomhrac dá dtagraítear i gCinneadh Réime 2002/584 agus i gcás inarb iomchuí, leasanna eile, amhail an gá atá le cearta bunúsacha íospartaigh na gcionta lena mbaineann a urramú.[82]

122. Ina iomláine, ní dhéantar ach amháin i gcás ina mbeidh mórdheacrachtaí i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna, arna mbunú ar bhealach láidir agus le leibhéal leordhóthanach cinnteachta, ar bhonn faisnéise oibiachtúla, iontaofa, beaichte agus nuashonraithe go cuí, go bhféadfadh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach a chinneadh go bhfuil fíorbhaol ann go sárófar, sa Bhallstát sin, an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt. I mo thuairim, tá sé sin fíor maidir le limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais a chruthú agus, go sonrach, maidir leis an sásra um thabhairt suas a bunaíodh le Cinneadh Réime 2002/584 a chur i bhfeidhm go rianúil agus go héifeachtach, bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach agus ar thoimhde go n-urramaíonn na Ballstáit dlí an Aontais agus, go háirithe, na cearta bunúsacha a chosnaítear leis an gCairt.

123. Measaim gur cheart go gcoinneodh an Chúirt Bhreithiúnais an cur chuige sin maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, cé gur ghlac sí cur chuige níos solúbtha maidir le tearmann, áit a n-aistrítear iarrthóir tearmainn chuig an mBallstát atá freagrach as a iarratas a scrúdú. Tá na cuspóirí a shaothraítear sa dá réimse seo difriúil.[83] Ina theannta sin, baineann an cur chuige sin atá bunaithe ar bhaol aonair agus neamhshistéamach go sárófar na cearta bunúsacha le hAirteagal 4 den Chairt, is é sin le rá ceart absalóideach.[84] Ar an taobh eile, d'fhéadfadh an ceart chun triail chóir a fháil mar a leagtar amach sa dara mír d'Airteagal 47 den Chairt a bheith faoi réir teorainneacha.

124. Níl an cuspóir chun córas um thabhairt suas tapa agus éifeachtach a bhunú, i gcomhar leis an gcuspóir chun saoirse ó phionós a chomhrac, comhoiriúnach le hoscailt róleathan na féidearthachta atá ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach athbhreithniú a dhéanamh ar

82 Féach breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 60).

83 Féach, chuige sin, Billing, F., '*Limiting mutual trust on fundamental rights grounds under the European arrest warrant and lessons learned from transfers under Dublin III*', New Journal of European Criminal Law, SAGE Journals, 2020, Imleabhar. 11(2), lch. 184.

84 Mar is léir, go háirithe, ó bhreithiúnas an 16 Feabhra 2017, *C. K. agus Páirtithe Eile* (C-578/16 PPU, EU:C:2017:127), tá tábhacht bhunúsach ag baint leis an toirmeasc iomlán ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach, mar atá leagtha síos in Airteagal 4 den Chairt, sa mhéid go bhfuil dlúthbhaint aige leis an meas ar dhínit an duine, arb é ábhar Airteagal 1 den Chairt (mír 59 agus an cásdlí a luaitear, agus mír 69). Mar thoradh air sin, ghlac an Chúirt Bhreithiúnais leis an bhféidearthacht go bhféadfadh aistriú iarrthóra tearmainn a bhfuil a staid sláinte an-tromchúiseach ann féin, de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt, fíorbhaol a chruthú maidir le híde atá mídhaonna nó táireach, fiú in éagmais foras tromchúiseach lena chreidiúint go bhfuil easnaimh shistéamacha sa nós imeachta tearmainn agus sna coinníollacha maidir le glacadh iarrthóirí tearmainn sa Chróit (míreanna 71 agus 73). Féach freisin breithiúnas an 19 Márta 2019, *Jawo* (C-163/17, EU:C:2019:218, míreanna 78 agus 87). I mír 95 den bhreithiúnas sin, luann an Chúirt gur gá imthosca eisceachtúla a léiriú maidir leis an réiteach a ghlacfaidh sí. Dá bhrí sin, "ní féidir a chur as an áireamh go hiomlán go bhféadfadh iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a léiriú go bhfuil imthosca eisceachtúla ann a bhainfeadh go sonrach leis, rud a chiallódh, i gcás aistriú chuig an mBallstát atá freagrach de ghnáth as a iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil, go mbeadh sé, de bharr a leochaileachta, beag beann ar a mhian agus a roghanna pearsanta, i gcás ina mbeadh díth ábhartha fhoircneach... tar éis dó tairbhe na cosanta idirnáisiúnta a dheonú dó".

an mbaol atá ann go sárófar cearta bunúsacha sa Bhallstát eisiúna, go háirithe maidir leis an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú roimhe sin le dlí, agus nach ceart absalóideach é.[85]

125. Ina theannta sin, ba mhaith liom a chur in iúl go bhfuil sé tábhachtach, ar mhaithe le feidhmiú cuí shásra an bharántais gabhála Eorpaigh, gan a údarú don údarás breithiúnach forghníomhaitheach athbhreithniú a dhéanamh nach bhfuil sé in ann é a chur i gcrích. Maidir le feidhmiú ina bhfíoraíonn údarás den sórt sin inniúlacht an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna chun na daoine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a thriail agus chun barántas den sórt sin a eisiúint, is feidhmiú é atá faoi na cúirteanna an Bhallstáit eisiúna is fearr atá in ann chun na rialacha nós imeachta ar cuid de dhlíchóras an Bhallstáit sin iad a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm. In éagmais easnamh sistéamach nó ginearálaithe i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit sin, ní gá don údarás breithiúnach forghníomhaitheach fíorú a dhéanamh a bheadh ina léiriú ar mhímhuinín i gcúirteanna an Bhallstáit eisiúna. Is é an toradh a bheadh air sin ná a mhalairt ar fad leis an rún bunaidh chun comhar breithiúnach a thógáil in ábhair choiriúla ar bhonn aitheantais fhrithpháirtigh agus muiníne, agus d'éascódh sé an bealach le haghaidh foirgneamh atá tógtha go foighneach a dhí-thógáil.

126. Tá sé tábhachtach freisin, i mo thuairim, i gcomhthéacs sáraithe líomhnaithe ar an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú roimhe sin le dlí, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, gan an méid a chinn an Chúirt Bhreithiúnais i ndáil le leigheas dlí a bheith ann lena gcuirtear ar chumas na bpríosúnach agóid a dhéanamh, trí leigheas breithiúnach, i gcoinne dhlíthiúlacht a gcoinníollacha coinneála faoi Airteagal 4 den Chairt sa Bhallstát eisiúna, eadhon, "nár leor leigheas dlí den sórt sin, ann féin, chun a chur as an áireamh go bhfuil fíorbhaol ann go gcuirfear an duine lena mbaineann faoi íde mhídhaonna nó táireach sa Bhallstát eisiúna, de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt" a chur i bhfeidhm go meicniúil.[86] Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, maidir le hathbhreithniú breithiúnach den sórt sin, cé go bhféadfadh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach é a chur san áireamh ina mheasúnú foriomlán ar choinníollacha intuartha chun duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a choinneáil, "nach bhfuil, mar sin, in ann an baol a chur as an áireamh go gcuirfear an duine sin, tar éis é a thabhairt suas, faoi íde atá ar neamhréir le hAirteagal 4 den Chairt mar thoradh ar a choinníollacha coinneála".[87]

127. Measaim, i ndáil leis sin, nach mór an cás ina líomhnaítear baol go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú roimhe sin le dlí, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, i gcás ina ndéantar an duine iarrtha a thabhairt suas, idirdhealú a

85 Léirigh an díospóireacht atá os comhair na Cúirte Breithiúnais go bhféadfaí seasamh níos déine a bheartú, maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, a bheadh oscailte do ghlacadh le rioscaí neamhshistéamacha i gcás ina mbeadh cosaint cirt bhunúsaigh iomlán, amhail an ceart a chosnaítear le hAirteagal 4 den Chairt, i mbaol. Dá bhrí sin, d'aithin an Coimisiún ag an éisteacht, i ndáil leis an mbaol go sárófar an ceart bunúsach sin, mar shampla mar gheall ar shaintréithe ar leith an duine iarrtha, go bhféadfadh údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú fiú in éagmais easnaimh shistéamacha sa Bhallstát eisiúna. Feictear dom go bhfuil baint ag an argóint seo leis an bhféidearthacht a chuirtear ar fáil le hAirteagal 23(4) de Chinneadh Réime 2002/584, lena bhforáiltear "Féadfar, go heisceachtúil, an tabhairt suas a chur ar athló sealadach ar chúiseanna tromchúiseacha daonnúla, mar shampla, má tá forais shubstainteacha ann lena chreidiúint go gcuirfeadh sé beatha nó sláinte an duine iarrtha i mbaol go follasach. Déanfar an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú a luaithe a bheidh deireadh leis na cúiseanna sin". Féach, chuige sin, Billing, F., '*Limiting mutual trust on fundamental rights grounds under the European arrest warrant and lessons learned from transfers under Dublin III*', New Journal of European Criminal Law, SAGE Journals, 2020, Imleabhar. 11(2), lch. 197. Féach freisin, maidir le an bhféadfadh agus a mhéid a d'fhéadfadh údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú an duine iarrtha a thabhairt suas má tá tinneas air a d'fhéadfadh dul in olcas i gcás go ndéanfaí barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú, cás leanúnach *E.D.L. v Presidente del Consiglio dei Ministri* (C-699/21).

86 Féach breithiúnas an 25 Iúil 2018, *Generalstaatsanwaltschaft (Coinníollacha coinneála san Ungáir)* (C-220/18 PPU, EU:C:2018:589, mír 73).

87 Féach breithiúnas an 25 Iúil 2018, *Generalstaatsanwaltschaft (Coinníollacha príosúin san Ungáir)* (C-220/18 PPU, EU:C:2018:589, mír 74).

dhéanamh idir an cás sin agus an cás ina líomhnaítear baol go sárófar Airteagal 4 den Chairt mar gheall ar choinníollacha coinneála sa Bhallstát eisiúna.[88] In éagmais easnamh sistéamach nó ginearálaithe i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna, feictear dom go bhfuil an chosaint bhreithiúnach éifeachtach a d'fhéadfadh a bheith ann sa Bhallstát sin ar an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú roimhe sin le dlí, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, cinntitheach d'fhonn a chur as an áireamh gurb ann d'fhíorbhaol go sárófar an ceart sin. Maidir leis na gnéithe nós imeachta, d'fhéadfadh an t-athbhreithniú breithiúnach a fhéadfar a dhéanamh sa Bhallstát eisiúna aon neamhrialtacht a réiteach maidir le hinniúlacht an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna.

128. Cuirfidh mé críoch leis an measúnú ar an tríú go dtí an séú ceist trí roinnt barúlacha a leagan amach maidir le hábhar an chéad chéim den mheasúnú a bheidh le déanamh ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach.

129. I ndáil leis sin, is léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais "mar chuid den chéad chéim den scrúdú sin, ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach a mheas, ar bhonn ginearálta, an bhfuil fíorbhaol ann go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil, go háirithe mar a bhaineann le [...] sárú ar an gceanglas maidir le cúirt arna bunú le dlí, mar gheall ar easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe sa Bhallstát sin".[89] Is éard atá i gceist le measúnú den sórt sin ná "measúnú foriomlán",[90] nach mór a bheith bunaithe ar "fhaisnéis oibiachtúil, iontaofa, bheacht agus nuashonraithe go cuí".[91] Ní mór an measúnú céanna a dhéanamh i bhfianaise chaighdeán cosanta an chirt bhunúsaigh a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt.[92] I ndáil leis sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, maidir leis an nós imeachta chun breithiúna a cheapadh, nach féidir gach neamhrialtacht i nós imeachta den sórt sin a mheas mar shárú ar an gceart bunúsach chun binse arna bhunú roimhe sin le dlí, de réir bhrí na forála sin.[93] Is éard atá i gceist leis sin, dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, ná go bhfuil neamhrialtacht den sórt sin de chineál agus de shubstaint ar leith.[94]

130. Dá bhrí sin, ghlac an Chúirt Bhreithiúnais caighdeán cosanta don cheart bunúsach sin atá inchomparáide leis an gcaighdeán a eascraíonn as cásdlí ECtHR. Cé go measann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil dlínse aici a fhíorú an n-urramaítear leis an dlí náisiúnta an ceanglas ar bhinse arna bhunú le dlí, measann sí, áfach, i bhfianaise an phrionsabail ghinearálta gur faoi na cúirteanna náisiúnta go príomha atá sé forálacha an dlí náisiúnta a léirmhíniú, ní féidir léi a

[88] Arís, bíonn tionchar ag an difríocht idir cineál na gceart bunúsach ar an réasúnaíocht. Féach, chuige sin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Campos Sánchez-Bordona sa chás *Generalstaatsanwaltschaft (Coinníollacha coinneála san Ungáir)* (C-220/18 PPU, EU:C:2018:547), ina luaitear "a mhéid atá sé, ar deireadh, ina ráthaíocht ar cheart iomlán, nach mór, mar gheall ar a nádúr, cosaint choisctheach seachas cosaint leasúcháin a fháil, measaim, d'ainneoin a ábharthacht, go bhféadfadh nach leor gurb ann do chóras éifeachtach leigheasanna má tá amhras dlisteanach ar an gcúirt fhorghníomhaitheach maidir leis an bhféidearthacht go bhféadfaí íde atá mídhaonna nó táireach a chur ar an duine iarrtha go sonrach *láithreach*, beag beann ar shásamh an tsáraithe sin ina dhiaidh sin trí chaingean dlí éifeachtach sa Stát eisiúna" (mír 57). Mar a luaigh Rialtas na Beilge ag an éisteacht, maidir leis an gceart bunúsach a chosnaítear le hAirteagal 4 den Chairt, ní i gcónaí a fhágann úsáid leighis bhreithiúnaigh gur féidir an sárú líomhnaithe a leigheas, ós rud é go bhféadfadh an sárú tarlú idir an dá linn.

[89] Breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 67 agus an cásdlí a luaitear).

[90] Breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (míreanna 74 agus 77).

[91] Breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 52 agus an cásdlí a luaitear).

[92] Féach, go háirithe, breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 68 agus an cásdlí a luaitear).

[93] Féach breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 72).

[94] Féach, go háirithe, breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 73 agus an cásdlí a luaitear).

léirmhíniú a chur in amhras, ach amháin i gcás sáraithe shubstaintiúil ar na forálacha sin.[95] Is é mo thuiscint ar na heilimintí sin de chásdlí ECtHR ná nach bhfuil sé ach i gcás sáraithe shoiléir ar rialacha an dlí náisiúnta a bhaineann le hinniúlacht comhlachtaí breithiúnacha, a sháródh lamháil léirmhínithe an dlí sin nach mór a bheith ag na cúirteanna náisiúnta, go bhféadfaí sárú ar Airteagal 6(1) ECHR a shuíomh. Dá bhrí sin, tá gá le tairseach ard tromchúise an tsáraithe sin chun a mheas gur sáraíodh na prionsabail bhunúsacha is bun leis an gceanglas "binse arna bhunú le dlí" de réir bhrí Airteagal 6(1) ECHR.[96]

131. Chun a cheangal ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach a fhíorú gurb ann d'easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna d'fhonn a léiriú gurb ann d'fhíorbhaol go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú le dlí, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, sa Bhallstát sin, feictear dom go bhfuil sé comhsheasmhach leis an gceanglas maidir le tairseach ard tromchúise atá glactha ag ECtHR i ndáil le sárú ar an gceart chun "binse arna bhunú roimhe sin le dlí" de réir bhrí Airteagal 6(1) ECHR. Ina theannta sin, chuir ECtHR san áireamh, roinnt uaireanta, cineál sonrach limistéir saoirse, slándála agus ceartais bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, ar réiteach leasanna éagsúla atá i gceist, agus ar an ngá atá ann go mbeadh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach ag brath ar bhonn fíorasach leordhóthanach.[97]

132. Ina iomláine, is léiriú é an ceanglas maidir le heasnaimh shistéamacha nó ginearálaithe i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna agus an léiriú nach féidir ach an baol go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil lena mbaintear tairseach ard tromchúise amach a bheith ina chúis le diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú. Trí rannchuidiú lena áirithiú go leanfaidh diúltú den sórt sin de bheith eisceachtúil, caomhnaítear leis an gceanglas sin an chothromaíocht is gá ar deireadh idir cosaint an chirt bhunúsaigh sin agus cuspóirí an leasa ghinearálta a shaothraítear le sásra an bharántais gabhála Eorpaigh.

133. Is é mo thuiscint ar an méid roimhe seo ná nach féidir le húdarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú i gcás, ar an gcaoi chéanna le Cúirt Achomhairc na Bruiséile, go n-eisiatar leis féin gurb ann d'easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna agus ansin cuireann sé amhras in iúl maidir le hurramú cirt bhunúsaigh an duine iarrtha ar bhonn tuarascála ón Meitheal um Choinneáil Threallach agus breithiúnais de chuid ECtHR nach dtacaíonn, cé gur

95 Féach, go háirithe, breithiúnas ECtHR an 12 Iúil 2007, *Jorgic* v. *an Ghearmáin* (CE:ECHR:2007:0712JUD007461301, mír 65). Shonraigh an Chúirt Bhreithiúnais freisin "agus scrúdú á dhéanamh aici ar sáraíodh na rialacha náisiúnta ábhartha i gcás ar leith, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais siar, i bprionsabal, do léirmhíniú agus do chur i bhfeidhm an dlí náisiúnta ag na cúirteanna náisiúnta, mura rud é go bhfuil a gconclúidí treallach nó míréasúnta go follasach": féach breithiúnas ECtHR an 1 Nollaig 2020, *Guðmundur Andri Ástráðsson* v. *an Íoslainn* (CE:ECHR:2020:1201JUD002637418, mír 251).

96 Féach, maidir le sáruithe líomhnaithe ar an gceanglas maidir le "binse arna bhunú le dlí" agus breithiúna á gceapadh, breithiúnas ECtHR an 1 Nollaig 2020, *Guðmundur Andri Ástráðsson* v. *an Íoslainn* (CE:ECHR:2020:1201JUD002637418, mír 234). Ghlac ECtHR cur chuige trí chéim charnacha sa bhreithiúnas sin (mír 243). Ar an gcéad dul síos, measann an Chúirt Bhreithiúnais nach mór, i bprionsabal, gurb ann do shárú follasach ar an dlí náisiúnta (mír 244). Ar an dara dul síos, ní mór measúnú a dhéanamh ar an sárú atá i gceist i bhfianaise ábhar agus chuspóir an cheanglais maidir le "binse arna bhunú le dlí", is é sin le rá gur féidir leis na breithiúna a ndualgas a chomhlíonadh saor ó aon chur isteach nach bhfuil bonn cirt leis, agus ar an gcaoi sin an smacht reachta agus scaradh na gcumhachtaí a chaomhnú, rud a chiallaíonn nach féidir ach cur isteach ar rialacha bunúsacha an nós imeachta maidir le ceapadh breithiúna — is é sin le rá, sáruithe a bhfuil tionchar acu ar bhunbhrí an chirt chun "binse arna bhunú le dlí" — is dócha go sárófar an ceart sin dá bharr (míreanna 246 agus 247). Ar an tríú dul síos, measann ECtHR go bhfuil ról tábhachtach ag an athbhreithniú a dhéanann na cúirteanna náisiúnta, i gcás inarb iomchuí, ar na hiarmhairtí dlíthiúla — i bhfianaise na gceart arna ráthú ag ECtHR ar gach ceann — de shárú ar rialacha an dlí náisiúnta lena rialaítear ceapacháin bhreithiúnacha chun a chinneadh an sáraítear leis an gcur isteach sin an ceart chun "binse arna bhunú le dlí" (mír 248). Measaim gurb iomchuí an tríú céim sin a thabhairt níos gaire don mhéid a luaigh mé i ndáil le tábhacht an athbhreithnithe bhreithiúnaigh sa Bhallstát eisiúna maidir leis an urraim don cheart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú roimhe sin le dlí, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt.

97 Féach, go háirithe, breithiúnas ECtHR an 9 Iúil 2019, *Castaño* v. *An Bheilg* (CE:ECHR:2019:0709JUD000835117).

fianaise iad go teoiriciúil,[98] sa chás seo leis na heasnaimh den sórt sin sa Bhallstát sin. Ba mhaith liom a rá nach féidir diúltú d'fhorghníomhú a bhunú ar léirmhíniú neamhchinnte ar dhlí nós imeachta an Bhallstáit eisiúna agus idirghabháil a dhéanamh gan iarraidh ar an údarás breithiúnach eisiúna, de bhun Airteagal 15(2) de Chinneadh Réime 2002/584, faisnéis bhreise agus nuashonraithe gurb ann do leigheasanna dlí agus maidir le staid na díospóireachta breithiúnaí sa Bhallstát sin i ndáil le fíorú an bhfuil inniúlacht an údaráis sin comhsheasmhach leis an gceart bunúsach sin.[99]

134. I bhfianaise na mbreithnithe uile roimhe seo, molaim go bhfreagródh an Chúirt Bhreithiúnais an tríú go dtí an séú ceist a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú mar nach mór Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584 a léirmhíniú ar chaoi a gciallaíonn, i gcás nach bhfuil fianaise ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach a bhfuil air cinneadh a dhéanamh maidir le duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a eisiúint chun ionchúiseamh coiriúil a dhéanamh a thabhairt suas lena dtaispeántar, trí mheasúnú foriomlán atá bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil, iontaofa, bheacht agus nuashonraithe go cuí, gurb ann d'fhíorbhaol go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú roimhe sin le dlí, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, mar gheall ar easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna, ní féidir leis an údarás sin diúltú d'éifeacht a thabhairt don bharántas gabhála Eorpach sin.

### *D. Ar an seachtú ceist a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú*

135. Lena seachtú ceist, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Cinneadh Réime 2002/584 a léirmhíniú ar chaoi a gciallaíonn go gcuirtear cosc ar údarás breithiúnach eisiúna barántas gabhála Eorpach nua a eisiúint i gcoinne an duine chéanna agus ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach céanna, i gcás inar dhiúltaigh an t-údarás sin barántas gabhála Eorpach roimhe sin a fhorghníomhú faoi choinníollacha atá contrártha do dhlí an Aontais.

136. I ndáil leis sin, tugaim faoi deara ag an tús nach bhfuil aon fhoráil i gCinneadh Réime 2002/584 lena gcuirtear teorainn le barántas gabhála Eorpach a eisiúint. Ina theannta sin, le linn tástálacha inghlacthachta, ghlac an Chúirt Bhreithiúnais leis cheana féin go bhféadfar roinnt barántais ghabhála Eorpacha a eisiúint i ndiaidh a chéile i gcoinne an duine iarrtha chéanna.[100]

137. Déantar an cuspóir maidir le saoirse ó phionós, arna saothrú le Cinneadh Réime 2002/584, a chomhrac, ina theannta sin, i bhfabhar an fhéidearthacht roinnt barántais ghabhála Eorpacha a eisiúint i gcoinne an duine chéanna agus i gcoinne an údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaithigh chéanna d'fhonn an duine sin a ionchúiseamh in imeachtaí coiriúla nó an phianbhreith a forchuireadh air a fhorghníomhú. Sna himthosca sin, dá gcuirfí teorainn ar líon na mbarántas gabhála Eorpach a d'fhéadfaí a eisiúint, bhainfí an bonn d'éifeachtacht an chórais um chomhar breithiúnach idir na Ballstáit agus laghdófaí na hiarrachtaí chun pionós éifeachtach a chur ar sháruithe laistigh den limistéar saoirse, slándála agus ceartais.

98 Féach, go háirithe, breithiúnas *Aranyosi agus Căldăraru* (mír 89).

99 I ndáil leis sin, ba cheart a choinneáil i gcuimhne, dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, "nach mór do na húdaráis bhreithiúnacha eisiúna agus forghníomhaitheach, d'fhonn comhar éifeachtach a áirithiú in ábhair choiriúla, leas iomlán a bhaint as na hionstraimí dá bhforáiltear go háirithe [...] in Airteagal 15 de Chinneadh Réime 2002/584 d'fhonn muinín fhrithpháirteach ar a bhfuil an comhar sin bunaithe a chur chun cinn": féach, go háirithe, breithiúnas *Openbaar Ministerie (Binse arna bhunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)* (mír 49 agus an cásdlí a luaitear).

100 Féach, chuige sin, breithiúnais *AY (Barántas gabhála — Finné)*, agus *Spetsializirana prokuratura (Litir na gceart).*

138. Is amhlaidh is mó a bhíonn i gceist i gcás ina gcruthaítear go bhfuil diúltú d'fhorghníomhú a rinneadh roimhe sin contrártha do dhlí an Aontais. I gcás mar atá i gceist sna príomhimeachtaí, ní mór don údarás breithiúnach eisiúna a bheith in ann teacht ar na conclúidí iomchuí ó léirmhíniú Chinneadh Réime 2002/584 a d'iarr sé agus a sholáthraíonn an Chúirt Bhreithiúnais di ina breithiúnas ar tharchur chun réamhrialú, trí bharántas gabhála Eorpach nua a eisiúint, i gcás inarb iomchuí. Ón taobh sin de, ní mór don údarás sin athbhreithniú a dhéanamh, i bhfianaise ghnéithe sonracha an cháis, an bhfuil eisiúint an bharántais nua sin de chineál comhréireach.[101]

## IV. Conclúid

139. I bhfianaise na mbreithnithe uile roimhe seo, molaim go bhfreagródh an Chúirt Bhreithiúnais na ceisteanna a tharchuir an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach, an Spáinn) chun réamhrialú a fháil mar a leanas:

1) Ní mór Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009, a léirmhíniú ar chaoi a gciallaíonn go gcuirtear bac ar údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn forais le haghaidh neamhfhorghníomhú dá bhforáiltear ina dhlí náisiúnta, ach nach bhfuil leagtha amach sa Chinneadh Réime sin. Ar an taobh eile, ní chuirtear bac leis an gCinneadh Réime sin ar fhoráil náisiúnta lena gcuirtear Airteagal 1(3) den Chinneadh Réime sin chun feidhme, trí fhoráil a dhéanamh go bhféadfadh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú d'éifeacht a thabhairt do bharántas gabhála Eorpach má tá forais shubstaintiúla aige lena chreidiúint go mbeadh sé d'éifeacht ag forghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh an bonn a bhaint de chearta bunúsacha an duine lena mbaineann, ar choinníoll go gcuirtear an fhoráil sin i bhfeidhm i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais ina leagtar síos na coinníollacha dochta faoina bhféadfadh diúltú den sórt sin tarlú.

2) Ní mór Airteagal 6(1) de Chinneadh Réime 2002/584, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299, a léirmhíniú ar chaoi a gciallaíonn nach gceadaítear leis d'údarás breithiúnach forghníomhaitheach athbhreithniú a dhéanamh an bhfuil inniúlacht ag an údarás breithiúnach eisiúna, faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna, chun barántas gabhála Eorpach a eisiúint.

3) Ní mór Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584 arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299 a léirmhíniú ar chaoi a gciallaíonn, i gcás nach bhfuil fianaise ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach a bhfuil air cinneadh a dhéanamh maidir le duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a eisiúint chun ionchúiseamh coiriúil a dhéanamh a thabhairt suas lena dtaispeántar, trí mheasúnú foriomlán atá bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil, iontaofa, bheacht agus nuashonraithe go cuí, gurb ann d'fhíorbhaol go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair binse arna bhunú roimhe sin le dlí, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, mar gheall ar easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe i bhfeidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna, ní féidir leis an údarás sin diúltú d'éifeacht a thabhairt don bharántas gabhála Eorpach sin.

[101] Féach breithiúnas an 27 Bealtaine 2019, *PF (Príomh-Ionchúisitheoir na Liotuáine)* (C-509/18, EU:C:2019:457, mír 49).

4) Ní mór Cinneadh Réime 2002/584, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299, a léirmhíniú ar chaoi a gciallaíonn nach gcuirtear bac ar údarás breithiúnach eisiúna barántas gabhála Eorpach nua a eisiúint i gcoinne an duine chéanna agus i gcoinne an údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaithigh chéanna, i gcás inar dhiúltaigh an t-údarás breithiúnach Eorpach roimhe sin barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú faoi choinníollacha atá contrártha do dhlí an Aontais, tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh an bhfuil eisiúint an bharántais nua sin de chineál comhréireach.